Conair Crói-Bhus idir Chluain Ghrífín agus Lár na Cathrach

Márta 2022

Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR)

Imleabhar 1

Acoimhre Neamhtheicniciúil

BUS CONNECTS

SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Clár an ábhair

1. Réamhrá 1
1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí 4
1.2 An ról atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair 5
2. Próiseas Measúnachta na dTionchar Timpeallachta 6
2.1 Próiseas an EIA 6
3. Gá na Scéime beartaithe 7
3.1 Comhthéacs 7
3.2 Tionscadal ÉÍreann 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2021 -2030 7
3.3 Plean Gníomhaithe ar son na haeráide 2021 7
3.4 Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 8
4. Comhairliúchán 10
4.1 Comhairliúchán Roghanna EPR 10
4.2 Comhairliúchain PRO 10
4.3 Comhairliúchán a rinneadh i dteannta leis na Comhlachtaí Forordaithe agus Comhairlithe Eile 11
4.4 Dul i gcomhairle le Úinéirí Talún 11
4.5 Dul i gcomhairle le Cónaitheoirí Áitiúla agus Grúpaí Gnó 11
5. Roghnanna Malartacha a cuireadh faoi chaibidil 12
5.1 Roghanna Malartacha Straitéiseacha 12
5.2 Roghanna eile an bhealaigh 13
5.3 Comhroghanna deartha eile 14
6. Cur síos na Scéime beartaithe 15
6.1 Cuid 1 - Ascaill Abhainn na Maighine go Bóthar Ghort na nGrás - Bóthar Mhullach Íde 16
6.2 Cuid 2 - Bóthar Ghort na nGrás agus Bóthar Chluain Tairbe - Bóthar Mhullach Íde 17
7. An Tógáil 20
7.1 An Plean Bainistíochta agus Comhshaoil maidir le Tógáil 21
7.2 Plean Bainistíochta Tráchta maidir le Tógáil 21
8. Tionchair timpeallachta agus a Maolú 23
8.1 Cúrsaí Tráchta agus Iompair 24
8.2 Caighdeán an Aeir 26
8.3 An Aeráid 27
8.4 An Torann agus an Tonnchrith 28
8.5 Daonra 29
8.6 An tSláinte Daonna 30
8.7 An Bhithéagsúlacht 32
8.8 Uisce 34
8.9 An Talamh, Ithreacha, an Gheolaíocht agus an Hidrigeolaíocht 36
8.10 An Oidhreacht Seandálaíochta agus Cultúrtha 37

8.11 Oidhreacht Ailtireachta 38
8.12 Tírdhreach (Tírdhreach) agus Amharc 40
8.13 Dramhaíl agus Acmhainní 42
8.14 Sócmhainní Ábhair 44
8.15 Riosca Mórthimpistí agus / nó Tubaistí 46
8.16 Tionchair Charnacha agus Idirghníomhaíochtaí Comhshaoil 47
9. Cad a Tharlaíonn Ar Aghaidh? 50

1. Réamhrá

Is é seo an Acoimhre Neamhtheicniciúil (NTS) a rinneadh den Tuarascáil mheasúnachta an tionchair timpeallachta i dtaca leis an mBunscéim Conair Crói-Bhus idir Chluain Ghrífín agus Lár na Cathrach (glaoitear air an Scéim Molta tríd an NTS seo). Tacóidh an Scéim bheartaithe úsáid d'iompar comhtháite inbhuanaithe trí fheabhais bhonneagair a chur mar gheall ar thaisteal gníomhach (siúil agus rothaíocht), agus soláthar na mbeart níos fearr do na seirbhísí atá ann agus na seirbhísí a úsáidfidh an chonair sa todhchaí.

Tá fad iomlán de thart ar 5.7km ag an Scéim Bheartaithe, agus tosaíonn sí ag Acomhal Ascaill na hAbhann Maighne – Bóthar Mhullach Íde lastuaidh d'Acomhal na Croise Thuaidh (Bóthar Mhullach Íde / Ascaill Hall an Chláir). Tá pointe tosaigh na scéime fite fuaite le tionscadal eile atá idir lámha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC), is é sin Scéim Phríomshráid Bhéal Maighne agus Scéim Ascaill Bhéal Maighne a chuireann ar fáil naisc do bhusanna agus rothair go dtí Stáisiúin Dart Chluain Ghrífíne. Rachaidh conair na Scéime atá beartaithe trí Bhóthar Mhullach Íde go dtí an acomhal idir Marglann Marino / Fionnradharc agus rachaidh an chonair rothar tríd an acomhal idir Bóthar Mhullach Íde/Bóthar Bhriain, le taobh Bhóthar Uí Chaireallain, Páirc Naomh Aodháin, Bóthar Uí Ábhartaigh agus Marglann Marino. Ón bpointe sin, tá an tionscadal fite fuaite le tionscadal eile, tionscadal Chluain Tairbhe chuig Lár na Cathrach ar rothair agus Tionscadal Tús Áite do Bhusanna, tionscadal a fuair an cead ó DCC agus táthar ag súil leis go gcuirfear tús leis an obair tógála i 2022.

Cuirtear i láthair bealach na Scéime Beartaithe in Íomhá 1.1, agus iarcheanglaítear san NTS seo líníochtaí an tsocraithe ghinearálta maidir leis an Scéim Bheartaithe.

Íomhá 1.1: Slí na Scéime Beartaithe

Feabhsóidh an Scéim bheartaithe go mór le cúrsaí iompair phoiblí trí tús áite do bhusanna a sholáthar chomh maith le bonneagar coisithe agus rothaíochta a chur ar fáil. Faoi láthair sa chonair rochtana seo feictear a lán phlódú tráchta agus cé go bhfuil lánaí bus ann feadh fhormhór an bhealaigh, tá busanna agus rothaithe in iomaíocht le feithiclí eile le linn chuid na n-aistear, dá bharr sin tá sé níos lú mealltach do choisithe, rothaithe agus úsáideoirí busanna.

Trí sholáthar níos mó bhonneagair tús áite do bhusanna, feabhsóidh an Scéim bheartaithe an méid ama a thógann sé do bhusanna na haistir a dhéanamh feadh an bhealaigh agus an iontaofacht ama maidir le haistir a chríochnú.

I dteannta na bhfeabhas maidir leis an méid ama a thógann sé chun aistir a dhéanamh agus an iontaofacht ama maidir le haistir a chríochnú, soláthróidh an Scéim Bheartaithe tairbhí do rothaithe agus coisithe. Fad is a bhíothas ag forbairt dearadh na scéime seo, cloíodh leis na treoracha rochtana agus prionsabail uilíocha dearaidh atá cuí chun rochtain a chur ar fáil do chuile úsáideoir.

Mar thoradh ar sholáthar an bhonneagair rothaíochta feadh na Scéim Beartaithe chomh maith leis an mbealach comhthreomhar, beidh aistir rothaíochta níos sábhaílte agus níos mhealltaí. Maidir leis seo, soláthraíonn an Scéim bheartaithe gnéithe substaintiúla den bplean Líonra Rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a leag amach an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) (as seo amach glaofar air an Plean Líonra Rothaíochta GDA) (NTA 2013), agus níl a dhóthain ann faoi láthair - chomh maith leis sin cruthaíonn an scéim nasc idir í agus scéimeanna beartaithe rothaíochta eile agus modhanna iompair inbhuanaithe, dá bhrí sin is mór tairbhe atá sé á dhéanamh do líonra rothaíochta chuimsitheach a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath.

Chomh maith leis an bpríomhchonair moltar bealach rothaíochta eile a bhfuil garchostas de 650m air idir Bhóthar Mhullach Íde agus Fionnradharc trí Bhóthar Bhriain, Bóthar Uí Chaireallain, Páirc Naomh Aodháin, Bóthar Uí Ábhartaigh agus Marglann Marino. Dá bharr na Scéime Beartaithe méadófar líon na n-aiseanna tús áite do bhusanna agus áiseanna scagtha agus neamhscagtha rothaíochta. Soláthróidh an Scéim áiseanna trasriain choisithe níos fearr feadh an bhealaigh, agus méadófar an méid trasrianta coisithe faoi rialú soilse tráchta agus soláthrófar rampaí ar thaobh bhóithre.

Soláthrófar neart úasdátuithe, cosáin níos leithne san áireamh, tírdhreachú bog agus crua den scoth agus oiriúintí bóithre in áiteanna gnóthacha chun spás níos sábháilte agus níos mealltaí a chruthú do choisithe. Mar chuid den Scéim bheartaithe beidh níos mó phlandú ag Páirc Bhaile an tSrutháin / Bóthar Mhullach Íde mar sin a chuirfear páirc bheag ar fáil don bpobal.

Is í bunchuspóir na Scéime Beartaithe go gcaithfear spleáchas na gcarranna a laghdú trí bhonneagar siúl, rothaíochta agus bus níos fearr a sholáthar, sa bhealach sin cabhróidh sé córas iompair chomhtháite éifeachtach a chur chun cinn agus chun Cathair ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

Is í an Scéim bheartaithe ceann de na 12 scéim a sholáthrófar faoi na hOibreacha Bonneagair ar Conairí Crói-Bhus de chuid BusConnects Bhaile Átha Cliath (as seo amach glaoifear air seo na hOibreacha Bonneagair CBC). Is iad na hOibreacha Bonneagair CBC togra laistigh den gClár BusConnects atá ag an NTA. Tá an Clár BusConnects ag iarraidh seribhísí bus atá i gcathracha na hÉireann, i mBaile Átha Cliath san áireamh a fheabhsú go suntasach, ionas go mbeidh aistir bhus tapa, iontaofa, in am, áisiúil agus ar phraghas réasúnta. Taispeántar na hOibreacha Bonneagair CBC in Íomhá 1.2.

Íomhá 1.2: Oibreacha bonneagair CBC

Meastar go soláthróidh na hOibreacha Bonneagair CBC a luaithe is a chríochnófar iad Conairí Crói-Bhus gathacha a bhí aitheanta sa Straitéis Iompair NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035 (dá thagraítear an Straitéis Iompair GDA) (NTA 2016).

1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Is í aidhm na Scéime beartaithe bonneagair shiúil, rothaíochta agus bus a sholáthar ar an bpríomhchonaire rochtana sa réigiún Bhaile Átha Cliath a sholáthar, agus éascóidh an bonneagar gluaiseacht iompair inbhuanaithe chomhtháithe sábháilte agus éifeachtach a sholáthar feadh na conaire. Is iad cuspóirí na Scéime beartaithe:

- Cáil agus acmhainneacht an chórais iompair phoiblí a neartú trí luais, iontaofacht agus poncúlacht bhusanna a fheabhsú, rudaí a mbainfear amach trí lánaí bus agus beartaithe eile a sholáthar chun tús-áite do bhusanna in áit feithiclí eile a chur i ngrích;

- Acmhainneacht rothaíochta a neartú trí bhonneagar sábháilte do rothaithe a sholáthar, bonneagar atá scartha ó thrácht nuair is féidir sin;
- Tacaíocht a thabhairt chun seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtach ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide a sholáthar, agus tacóidh sin cuspóirí na hÉireann maidir le laghdú aistíochtaí a bhaint amach;
- Dlúthfhás a éascú, deiseanna athforáis agus úsáid níos éifeachtaí de thalamh i mBaile Átha Cliath, le haghaidh na glúnta atá ann agus na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe éifeachtacha agus sábháilte a sholáthar;
- An rochtaineacht ar phoist, ar oideachas agus deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile a fheabhsú tríd an soláthar de nascacht inbhuanaithe níos fearr agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile; agus
- Caithfear a chinntiú go ndéantar machnamh ar an ríocht phoiblí nuair a dhearaítear agus forbraítear an bonneagar iompair agus is gá pointí fócasacha uirbeacha a neartú nuair is iomchuí agus nuair a fhéadtar é a dhéanamh.

Bhí pleanáil agus dearadh na Scéime beartaithe treoraithe ag na haidhmeanna agus cuspóirí seo.

Beidh na torthaí a bhainfear amach i ndiaidh an Scéim bheartaithe a sheachadadh:

- Líonra iompair phoiblí atá mealltach seasmhach agus cothrom a d'fhéadfadh pobail a nascadh níos fearr agus rochtain ar ghníomhaíochtaí oibre, oideachais agus sóisialta a fheabhsú;
- Chun líonra bonneagair iompair a thugann tús-áite don tsiúil agus rothaíocht a éascú agus chun athrú modhanna chuig iompar poiblí a éascú; agus
- Chun níos mó acmhainneacht shóisialta agus eacnamaíochta a thacú trí úsáid talún a chomhtháthú agus chun pleanáil iompair a thacú agus é mar aidhm aige na tréimhsí ama taistil a laghdú.

1.2 An ról atá ag an Údarás Náisiúnta Iompair

Is é an NTA comhlacht neamhtráchtála a oibríonn faoi stiúir na Roinne Iompair. Cuireadh ar bun an NTA de dhroim an Achta Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasíodh) ('an tAcht 2008').

I gcás na Scéime beartaithe, i measc fheidhmiucháin an NTA tiomnaítear an próiseas deartha agus pleanáilte, cuardaítear (agus aimsítear) na ceaduithe forbartha ar fad lena n-áirítear na ceaduithe talún a fháil a fuarthas ón mBord Pleanála, agus ceaduithe tógála na Scéime beartaithe (má ceadaíodh).

2. Próiseas Measúnachta na dTionchar Timpeallachta

2.1 Próiseas an EIA

Is próiseas córasach é an Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) a ndéantar arís is arís chun tionchair timpeallachta na scéime beartaithe a chíoradh agus cuireann sé bearta maolaithe chun na tionchair sin a laghdú nó a sheachaint.

Tuarascáltar na torthaí measúnachta maidir le tionchair timpeallachta na Scéime beartaithe san EIAR. Is í aidhm an EIAR:

- Cur síos a dhéanamh ar na coinníollacha a bhí ann sular cuireadh tús le haon obair ar an Scéim bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar an Scéim bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar na modhanna measúnaithe a úsáideadh chun tionchair timpeallachta féideartha na Scéime beartaithe a mheas;
- Cur síos a dhéanamh ar cheisteanna timpeallachta agus aon mhórthionchair a d'fhéadfadh tarlú le linn chéimeanna tógála agus oibríochta na Scéime Beartaithe;
- Bearta maolaithe a mholadh chun na tionchair a laghdú nó a sheachaint; agus
- Aon mhórthionchair iarmaracha a aithint a tharlaíonn i ndiaidh do na beartaithe maolaithe a bhí molta á gcur i bhfeidhm.

Rinneadh na measúnachtaí de réir na treoracha infheidhme agus dea-chleachtais. I gcaibidlí áirithe an EIAR, úsáidtear treoracha ar leith a bhaineann go díreach leis an disciplín sin.

Is é an NTS Imleabhar 1 den EIAR agus cuirtear ann acoimhre ar an EIAR, lena n-áirítear eochairghnéithe na Scéime beartaithe agus na mórthionchair tairbheacha nó díobhálacha a bhaineann léi.

Roinneadh dociméadú an EIAR de réir na n-imleabhar seo a leanas chun aon chuardach a éascú:

- Imleabhar 1 - NTS (an dociméad seo);
- Imleabhar 2 - an Phríomhthuarascáil;
- Imleabhar 3 - Figiúirí; agus
- Imleabhar 4 - Aguisíní.

3. Gá na Scéime beartaithe

3.1 Comhthéacs

Is cúis tráchta é an spléachas ar ghluaisteáin phríobháideacha, agus téann sé i bhfeidhm ar ár gcaighdeán maireachtála, ár dtimpeallacht uirbeach agus sábháilteacht bóithre. Toisc go dtuartar go méadóidh daonra an mhórcheantair Bhaile Átha Cliath go dtí 1.5 milliún faoi cheann 2040, beidh tuilleadh éilimh ar bhóithre nach bhfuil an toilleadh do níos mór tráchta iontu faoi láthair. Mar sin is gá níos mó roghanna iompair inbhuanaithe. Mura ndéantar rud éigin faoi, beidh aistir choisithe, rothaíochta agus busanna níos faide ar fud an réigiúin agus ní fhéadfar brath orthu de bharr phlódú tráchta agus rachaidh sin i bhfeidhm ar chaighdeán beatha na ndaoine. Ar an taobh eile, cabhraíonn bonneagar iompair inbhuanaithe pobail inbhuanaithe agus áiteanna níos sláintiúla a chruthú, agus ag an am céanna spreaagtar fás eacnamaíochta. Cuireann sé le sláinte mhaith agus folláine nuair a chuirtear i bhfeidhm é go héifeachtach.

3.2 Tionscadal ÉÍreann 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030

Faoin teideal 'Tionscadail Bhonneagair Mhórchúiseacha Náisiúnta' leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 rogha tionscadal soghluaiseachta inbhuanaithe agus glaoiter orthu 'Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéiseacha'. Aithnítear an Scéim bheartaithe ar cuid í den Obair Bhonneagair ar Conairí Crói-Bhus laistigh den gClár Busconnects mar ghné den Tosaíocht infheistíochta Straitéiseach agus gealltanas infheistíochta a ngabhann léi. Cinntítear go bhfuil ról lárnach ar an scéim chun fhís an Chreata Náisiúnta Pleanála a sholáthar. Soláthróidh seachadadh na Scéime beartaithe an bonneagar ar gá leis chun cabhair a thabhairt dúinn bogadh ó iomarca spéachais an ghluaisteáin phríobháidigh chuig a bheith ag siúil, ag rothaíocht agus ag úsáid iompair phoiblí.

3.3 Plean Gníomhaithe ar son na haeráide 2021

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na haeráide 2021 ag leibhéal náisiúnta conas a laghdóidh Éire a cuid astaíochtaí faoina leath faoi cheann 2030 (laghdú 51%) agus conas a shroichfidh sí stádas neodrach ó thaobh fuinnimh faoi cheann 2050. Is treochlár é an Plean Gníomhaithe ar son na haeráide chun uaillmhian aeráide na hÉireann a bhaint amach. Aithníodh 475 beart a bhaineann le chuile earnáil an gheilleagair arb í is aidhm leo Éire a bhunathrú ina náisiún ísealcharbóin thar na tríocha bliain atá romhainn.

Maidir le haistriú córa iompair an phlean gníomhaithe ar son na haeráide 2021, leagtar amach an méid seo:

> *'Tá an tslí beartaithe maidir le cúrsaí iompair dírithe ar leictriú feithiclí a luathú, úsáid na mbithbhreoslaí, agus aistriú córa iompair do mhodhanna iompair a bhfuil ídiú fuinnimh íseal leo (e.g. iompar poiblí agus gníomhach)'.*

Glactar leis go bhfuil cur chun cinn na modhanna taistil inbhuanaithe fíorthábhachtach do pholasaí aeráide. Tugann sé deis chun'*do shláinte a fheabhsú, caighdeán ár mbeatha a ardú, gá ár n-ionaid uirbeacha atá ag fás a shású agus nascann sé ár bpobail uirbeacha, tuaithe agus bruachbhailteacha'.*

Tagraítear do BusConnects mar thionscadal mhórchúiseach iompair a chabhróidh leis an 500,000 aistear inbhuanaithe a sholáthar. Roghanna iompair inbhuanaithe iontaofa agus réalaíocha a sholáthar do shaoránaigh is ea ceann de na príomhchuspóirí atá ag an bplean. Maítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na haeráide chomh maith:

> ‘ *Beidh an cur chuige nua maidir le hiompar poiblí bunaithe ar fhís do líonra iompair phoiblí chomhtháite, a éascóidh aistir ghearra, meánturais agus cianturais a dhéanamh do dhaoine i ngach cearn d'Éire. Ciallaíonn seo go gcaithfear minicíocht na seribhísí traenach agus bus a mhéadú, agus go gcaithfear an líonra bóithre a leathnú tríd an gcur chuige um Chomhnascadh Éireann.'*

Go bhfuil gá leis an Scéim bheartaithe chun eochairbhearta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na haeráide 2021 a thacú. Ar bhonn áitiúil, tacaíonn an Scéim bheartaithe go díreach an soláthar do roghanna iompair inbhuanaithe chun an t-éileamh taistil a shásamh. Leathnóidh, feabhsóidh agus nascóidh an Scéim

bheartaithe líonraí coisithe agus rothaíochta agus cabhróidh sí dlúthfhás a sholáthar ar thalaimh atá zónáilte faoi choinne forbraíochta gar don Scéim bheartaithe.

3.4 Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Is í Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016- 2035 (glaotear uirthi an Straitéis Iompair GDA) gné fíorthábhachtach chun an Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) a fhorbairt thar an 20 bliain atá romhainn. Is é údar agus príomhchuspóir na Straitéise Iompair GDA *'chun chur le forás eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha Mhórcheantair Bhaile Átha Cliath tríd an tsoghluaisteacht éifeachtach agud inbhuanaithe de dhaoine agus earraí a sholáthar'.*

Tá gá leis an Scéim bheartaithe chun cur i bhfeidhm na Straitéise Iompair GDA maidir leis an timpeallacht choisithe feadh na Scéime beartaithe, agus san am céanna chun a bheith feasach ar an tspás poiblí agus chun cuspóirí pleánáilte coisithe a thacú ar bhonn áitiúil. Anuas air sin, feabhsóidh an Scéim bheartaithe an sráid-dreach/an ríocht phoiblí atá ann feadh na conaire. Áireofar leis sin soláthar d'áiseanna trasrianta níos fearr agus tabhairt isteach do thírdhreach nua agus feabhasaithe feadh na conaire, agus beidh plandú oiriúnach agus feabhais ar an sráid-dreach ag áiteanna cuí a fheabsóidh cáil an cheantair máguaird uirbeach feadh na conaire.

Tacaíonn an Scéim bheartaithe cur chun feidhme Phlean Líonra rothaíochta an GDA amhail is go dtarraingeoidh sé bonneagar a thacóidh an rothaíocht mar mhodh iompair, lena n-áirítear an soláthar de bhonneagar do bhealaigh atá aitheanta sa phlean líonra rothaíochta.

Mar chuid den Straitéis Iompair an GDA, forbróidh an Croí-líonra Bus tús áite leanúnach do bhusanna a bhaint amach le haghaidh gluaiseacht busanna ar chodanna an Chroí-líonra Bus laistigh de Cheantar Uirbeach na cathrach. Bainfear amach an méid seo trí sholáthar lánaí bus níos fearr agus moilleanna a chealú feadh na mbealach agus ar an gcaoi sin cuirfear ar an gcumas na busanna a dhul ar aghaidh níos tapa feadh na mbealach seo.

Tá gá ar an Scéim bheartaithe chun Straitéis Iompair an GDA a thacú a mhéid a sholáthraíon sí bonneagair ar gá leis chun '*tosaíocht leanúnach do soghluaiseacht bus ar chodanna an Croí-líonra Bus laistigh den Mórcheantar Uirbeach* a chur ar fáil'. Tá gá ar an Scéim bheartaithe chun cuspóirí na Straitéis Iompair GDA a bhaint amach tríd an rogha bus a dhéanamh an rogha níos sciobtha do chomaitéirí ná an carr a thiomáint.

D'ullmhaigh an NTA Tuarascáil an Chroí-líonra Bus don gCeantar uirbeach Bhaile Átha Cliath i 2015, agus aithnítear inti na roghanna bealach ar a raibh gá díriú isteach ar ardacmhainn, an-mhinicíocht, seirbhísí busanna iontaofa agus gurbh cheart tús áite a thabhairt d'infhéistíocht a chur agus a dhíriú ar bhonneagar busanna. Sainmhínítear an Croí-líonra Bus mar shraith de chuarlánaí bus agus conairí gathacha bus a fheidhmíonn idir na mórionaid lonnaíochta sa Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliiath.

Tá gá ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm do bhonneagar ar an gCroí-líonra Bus chun a chinntiú go laghdódh moilleanna a mhéid is feidir, go bhfeabhsódh iontaofacht agus go mbeadh úsáid na mbusanna níos mealltaí.

Tá na príomhchonairí bus in oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath ar Bhóthar Mhullach Íde agus ar an mBóthar Bhinn Éadair. Faoi láthair tá an-chuid bhonneagair lánaí bus isteach agus amach ar an mBóthar Mhullach Íde feadh réim na Scéime beartaithe. Bíodh sin mar atá, tá caighdeán na seirbhíse an-íseal toisc go cuireadh stop le roinnt cineálacha agus tá codanna an bhealaigh amach gan aon lána bus do bhusanna amháin. Ag áiteanna tábhachtacha feadh na conaire roinntear na lánaí bus atá ann, agus ceadaítear pairceáil/lódáil a dhéanamh ag amanna faoi leith ar feadh an lae in áit amháin, agus ainmnítear lánaí bus/rothaíochta mar spásanna roinnithe feadh chodanna an bhealaigh nach bhfuil aon bhonneagair do rothair amháin ar fáil iontu. Dá bharr an méid seo moillítear na haistir bhusanna.

Toisc go raibh gá dul i ngleic leis an t-easpa seibhísí feadh Mullach Íde agus go raibh gá freastal ar ardéileamh agus ardleibhéal de sheirbhísí busanna feadh na conaire seo ar fad, áiríodh i staidéar an Chroí-líonra Bus bealach molta idir Chluain Ghrífín agus Lár na Cathrach.

Méadóidh an Scéim Beartaithe éifeachtacht agus tarraingteacht na seirbhísí bus atá ag feidhmiú feadh na conaire agus beidh níos mó daoine ag baint leasa as iompar poiblí mar gheall ar na hamanna turais níos gasta agus na feabhsuithe iontaofachta a sholáthraíonn an Scéim Beartaithe. Is amhlaidh a bheidh an méid sin ina cúnamh d'acmhainn busanna a mhéadú maidir le seirbhísí atá ag feidhmiú feadh na conaire agus mar sin beidh iompar poiblí i bhfad níos mhealltaí mar rogha. De bhreis air seo, uasmhéadóidh na feabhsuithe suntasacha deighilte agus sábháilteachta ar bhonneagar siúil agus rothaíochta atá ina bpríomhghné den Scéim Beartaithe gluaiseacht na ndaoine atá ag taisteal go hinbhuanaithe feadh na conaire agus dá bhrí sin freastal ar leibhéil níos airde d'fhás daonra agus fostaíochta sa todhchaí. Dearadh an scéim amhail is go mbeadh rochtain ar chuile úsáideoir uirthi.

Gan an Scéim bheartaithe a chur i bhfeidhm, beidh na seribhísí bus ag oibriú i dtimpeallacht phlúchta, agus beidh amanna taistil níos faide agus beidh níos lú iontaofachta maidir leis an mbus, rud a laghdóidh úsáid an iompair phoiblí agus a dhéanfaidh an córas busanna níos measa agus níos leochailí do leibhéil níos airde d'fhás. Gan na bearta siúl agus rothaíochta atá sa Scéim bheartaithe, beidh sé níos deacra na modhanna seo a fhás san am atá romhainn. Ar an iomlán, cuirfidh an Scéim Beartaithe go mór le haidhmeanna agus cuspóirí foriomlána BusConnects, Straitéis GDA agus ligfidh sí don chathair fás go hinbhuanaithe sa todhchaí, rud nach mbeadh indéanta mura mbeadh an Scéim Beartaithe.

4. Comhairliúchán

Ó thus na Scéime beartaithe bhí an rannpháirteachas poiblí fite fuaite léi. Rinneadh comhairliúchán neamhreachtúil thar trí chéim (ceann a bhaineann leis an mbealach is dealraithí a roghnófar (EPR) agus dhá cinn a bhaineann leis an rogha bealaigh a roghnófar (PRO)) chun daoine agus páirtithe leasmhara fhorbairt na Scéime beartaithe a chur ar an eolas go luath agus chun aiseolas agus rannpháirteachas a fháil ar feadh na forbartha.

Ba í príomhaidhm an phróisis sainchomhairleoireachta neamreachtúla (agus fós is í an aidhm leis) chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine agus do pháirtithe leasmhara cur leis an bpleanáil agus dearadh na Scéime Beartaithe agus eolas a thabhairt don bpróiseas forbartha. Spreagadh rannpháirteachas poiblí le linn chéimeanna pleanála agus deartha na Scéime Beartaithe go luath trí phlé leis an lucht áitiúil agus trí fheachtais eolais agus meán a dhéanamh.

Cabhraíodh an próiseas chomhliúcháin neamhreachtúla maidir le:

- Bonnlíne timpeallachta go leor láidir a chur ar bun don Scéim bheartaithe agus don gceantar máguaird;
- Ceisteanna a bhaineann leis an Scéim bheartaithe a aithint go luath sa phróiseas ionas go bhféadfaí dul i ngleic go cuí leo sa scóip deartha agus measúnaithe; agus
- Rannpháirteachas poiblí agus páirtithe leasmhara a chinntiú sa phróiseas deartha agus measúnaithe.

Déantar cur síos beag ar na comhairliúcháin seo thíos.

4.1 Comhairliúchán Roghanna EPR

Bhí an chéad bhabhta den gcomhliuchán poiblí a bhí bunaithe ar an EPR ar siúl idir an 14 Samhain 2018 go dtí an 29 Márta 2019.

Rinneadh machnamh ar na ceisteanna a noctadh le linn phróiseas chomhairliúcháin neamhreachtúil an phobail mar chuid de na roghanna measúnaithe agus nuair a bhíothas ag cinntiú an bealach a roghnófar. Leasaíodh na beartais EPR chun dul i ngleic leis na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas in aighneachtaí nuair a d'fhéadfaí é seo a dhéanamh, éistíodh le moltaí na gcónaitheoirí, grúpaí pobail, ionadaithe tofa agus páirtithe leasmhara nuair ba chuí. Ionchorpraíodh na leasuithe seo sna dearaí agus thug siad eolas d'fhorbairt deartha an PRO a bhí foilsithe ina dhiaidh sin le haghaidh an chomhairliúchán phoiblí neamhreachtúil.

Ag tús an phróisis chomhairliúcháin phoiblí cuireadh Fóram Pobail faoi bhun agus rún aige chun cumarsáid a éascú idir phobail aitiúla trí ionadaithe pobail/cónaithe a bhí ainmnithe, agus ina measc ionadaithe tofa, agus an Fhoireann bhonneagair de chuid BusConnects. Éascaíodh cruinnuithe na bhFóram Pobail le linn na tréimhsí comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúla agus lasmuigh de na tréimhsí sin nuair a mheastar gur iomchuí é sin a dhéanamh, agus soláthraíodh do lucht freastail an Fhóraim Phobail deis chun ceisteanna a chur don bhfoireann tionscadail agus chun aiseolas a chur ar fáil di.

4.2 Comhairliúchain PRO

Bhí an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil PRO ar siúl idir an 4 Márta 2020 go dtí an 17 Aibreán 2020. Glacadh le haigneachtaí don dara babtha an chomhairliúcháin go dtí an 17 Aibreán 2020. Tugadh cuireadh do dhaoine aighneachtaí scríofa a chur maidir leis na beartaithe a bhí foilsithe chuig an bhFoireann Bhonneagair BusConnects trí ríomphost, trí phost nó trí fhoirm a chaithfear a bheith chomhlíonta ar líne. Óstáladh imeacht comhairliúcháin ag an Óstán Bonnigton ar Bhóthar Soird an 11 Márta 2020 nuair a bhí daoine in ann na beartais a fheiceáil agus iad a phlé leis an bhFoireann Bhonneagair BusConnects. De bharr na paindéime Covid-19 cuireadh ar ceal chuile imeacht a bhí beartaithe bheith ar siúl i ndiaidh an 12 Márta. Rinneadh an cinneadh gan an chomairliúchan a chur ar ceal i gcead do na haighneachtaí a fuarthas cheana féin.

D'óstáil an NTA an triú babhta den gcomhairliúchán poiblí sular cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an PRO i Samhain 2020 agus tharla sin idir an 4 Samhain 2020 agus an 16 Nollaig 2020. Úsáideadh seomraí comhairlíúcháin fíorúla don triú babtha, agus cuireadh ar fáil seirbhís 'glao ar ais' a fháil chomh maith le tuairiscí, doiciméadú tacaíochta

agus dréacht an PRO chomh maith le heolas faoi na hathchóirithe má bhí aon ceann ón dara babhta an chomhairliúcháin phoiblí a tharla i Márta 2020.

Rinneadh macnamh ar na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas le linn bhabhtaí an chomhairlícháin phoiblí mar chuid den PRO deireanach agus ba bhunclocha iad maidir leis an mbundhearadh.

4.3 Comhairliúchán a rinneadh i dteannta leis na Comhlachtaí Forordaithe agus Comhairlithe Eile

Chomh maith le comhairliúchán poiblí na Scéime beartaithe, rinne an NTA comhairliúchán i dteannta le comhlachtaí forordaithe ar leith agus comhairlithe neamhreachtúla eile le linn chéimeanna ullmhaithe agus forbartha an EIAR.

Feadh chéim forbartha an EIAR, soláthraíodh do chomhlachtaí forordaithe (an Roinn Cumarsáide, Aicsean Aeráide agus Comhshaoil, an Roinn Iompair, Comhairle na Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Chomhairle Oidhreachta) agus comhairlithe neamhreachtúla iomchuí tuarascáil ina rinneadh acoimhre den gcur chuige maidir leis an measúnú timpeallachta agus iarradh orthu chun a gcuid tuairimí a chur in iúl. Úsáideadh an t-aiseolas a fuarthas ón gcomhairliúchán chun eolas a thabhairt don EIAR agus na bunbheartaithe deartha i gcás inar iomchuí.

4.4 Dul i gcomhairle le Úinéirí Talún

Bhíothas ag plé go rialta le úinéirí talún a mbeidh cur i bhfeidhm nó a d'fhéadfaí a bheith ar a réadmhaoin de réir mar a chuaigh forbairt deartha na Scéime beartaithe ar aghaidh, ó chéimeanna tosaigh an tionscadail i 2018 go dtí an Fhómhair 2021. Tá trasnaíl idir an bplé seo leis na comhairliúcháin phoiblí (i Samhain 2019, Márta 2020 agus Samhain 2020). Rinneadh feachtas feasachta trí litreacha a chur in sna tithe sa samhradh 2020 chun rochtain a fháil orthu agus tabhairt faoi suirbhéanna. Seoladh tuilleadh litreacha d'úinéirí talún buailte i mBealtaine 2021 ina tairgeadh dóibh tuilleadh plé a dhéanamh leo. Le linn na bpléithe, bhí an deis ag na húinéirí réadmhaoine buailte chun gnéithe difriúla na Scéime beartaithe a phlé leis an bhfoireann deartha. Éascaíodh comhráite ar iarratas ina diaidh mar thoradh ar na litreacha seo. Anuas air sin, rinneadh iarracht eile chun dul i dteagmháil leis na háititheoirí nach ndeachaigh i dteagmháil linn trí chuairt a thabhairt ar chuile foirgneamh i Meán Fómhair 2021. Nuair nár osclaíodh an doras, cuireadh litir sa bhosca litreach arís agus iarradh ar na háititheoirí dul i dteagmháil leis an NTA.

4.5 Dul i gcomhairle le Cónaitheoirí Áitiúla agus Grúpaí Gnó

I rith fhorbairt deartha na Scéime beartaithe ó thús an chéad chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtúla i Samhain 2019, d'éascaigh an NTA comhairliúchán ar iarratas do ghrúpaí beaga cónaitheoirí agus do chomhlachtaí ar an mbealach nó cóngarach dó. Díreach mar a rinneadh i gcruinnithe an Fhóraim Phobail d'éascaigh imeachtaí mar sin pléite ar dhearadh na Scéime beartaithe agus tugadh an deis don lucht freasail ceisteanna chur ar fhoireann an Bhonneagair BusConnects agus aiseolas a thabhairt.

5. Roghnanna Malartacha a cuireadh faoi chaibidil

5.1 Roghanna Malartacha Straitéiseacha

Tá an Scéim bheartaithe tar éis a bheith forbartha i ndiaidh machnamh cruinn a bheith déanta maidir le roghanna malartacha. Measadh sa Straitéis Iompair an GDA agus sa Mheasúnú straitéise timpeallachta a bhaineann léi roinnt roghanna straitéise bainteacha leis an Scéim bheartaithe.

I measc na roghanna malartacha a measadh bhí rogha 'Gan Rud a Dhéanamh'. Ní rachfadh an Scéim bheartaithe ar aghaidh sa chás sin. Measadh gur rogha doghlactha é toisc go bhfuil an plódú tráchta ar fud an GDA chomh dona, agus toisc go bhfuil líon na ngluasteán ar na bóithre ag méadú agus is iad is bun leis na moileanna tráchta a tharlaíonn gach lá. Muna ndéantar rud faoi, rachfadh na tionchair féideartha níos measa don réigiúin, lena n-áirítear:

- Fás leanúnach de phlódú tráchta;
- Tionchair ar chumas an réigiún fás eacnamaíochta a bhaint amach de bharr níos mó phlódú tráchta;
- Amanna aistear níos faide agus laghdóidh tuilleadh brú taistil an caighdeán maireachtála; agus
- Ní chomhlíonfar na spriocanna astaíochtaí timpeallachta.

Rinneadh an NTA athbhreithniú ar an líonra iompair atá ann agus réamhaisnéisí todhchaí maidir leis an éileamh taistil i mBaile Átha Cliath. Briseadh síos an t-athbhreithniú seo agus rinneadh measúnú ar na patrúin úsáidí talún agus taistil atá ann agus na cinn a bheidh ann sa todchaí, agus aithníodh nósanna agus ceisteanna laistigh d'ocht gconair. Bunaithe ar na measúnuithe seo, leagadh amach sraith na mbeart seirbhíse iompair a bhí practiciúil do na hocht gconair, chun an córas iompair chomhtháite a dhéanamh don GDA go dtí 2035 sa Straitéis Iompair an GDA.

Ailíníonn an Scéim bheartaithe i gcoitinne le cuid de Chonair A sa straitéis iompair an GDA, téann an chonair sin idir Lár na Cathrach trí Shord agus Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus ar aghaidh chuig Droichead Átha. Is laistigh den Lárcheantar Uirbeach an Scéim bheartaithe agus teánn sí trasna cheantair bhruachbhailteacha a mbíonn dlús daonra íseal agus meándhlús daonra iontu.

Tríd an obair a tiomnaíodh i gcéimeanna ullmhaithe de chuid na Straitéise Iompair an GDA, lena n-airítear na staidéir a rinneadh mar thacar léi, aithníodh agus rinneadh machnamh ar roinnt roghanna eile chun déileáil le riachtanais iompair atá sé de chuspóir na Scéime beartaithe dul i ngleic leo.

I measc na roghanna straitéiseacha eile a áiríodh:

- Busanna Meariompair;
- Iarnród Éadrom;
- Mearchóras iarnróid cathrach;
- Iarnród Trom;
- Bainistíocht Éilimh; agus
- Roghanna Malairte Teicneolaíochta.

Forbraíodh an Scéim bheartaithe chun leibhéal seirbhíse a bheidh comhchosúil leis an Seirbhís bhusanna Meariompair a sholáthar, agus dúradh sa Straitéis Iompair an GDA nach mbeadh údar le cur i bhfeidhm iarnród trom nó éadrom de réir an leibhéal éilimh atá tuartha acu. Bíodh sin mar ata, úasdátófar agus cuirfear leis an líne DART mar chuid den Straitéis Iompair an GDA.

Ní chuirfidh bainistíocht éilimh agus roghanna teicneolaíochta eile mar shampla táillí brú tráchta, dolú bóthair, feithiclí leictreacha deireadh leis an ngá chun bonneagar busanna agus rothaíochta sa bhreis a sholáthar feadh bhealach na Scéime beartaithe.

5.2 Roghanna eile an bhealaigh

Rinne an-chuid machnaimh ar roghanna bealach eile le linn chéim deartha na Scéime beartaithe. I ndiaidh athbhreithniú ar an aiseolas a dhéanamh agus eolas nua a fháil le linn gach chéim an chomairliúcháin phoiblí, cuireadh an fhorbairt deartha ar an eolas a fuarthas de réir mar a bhailíodh agus mar a rinneadh measúnú ar na sonraí cosúil le suirbhéanna, sonraí iompair agus timpeallachta.

Tháinig forbairt ar an Scéim bheartaithe thar na céimeanna seo a leanas:

1) Críochnaíodh i 2018 **Tuarascáil féidearthachta agus Roghanna** ina leagtar amach roghanna an bhealaigh a bhí acu ar dtús agus an chonclúid mar gheall ar aithint an EPR feadh Bhóthar Mhullach Íde a dhéanamh;
2) Tiomnaíodh an chéad bhabtha den **gComhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil ar an EPR idir an 14 Samhain 2018 agus an 29 Márta 2019;
3) Forbairt an **Dréachta PRO** (Aibreán 2019 - Márta 2020). Tar éis aiseolas a fháil i rith chéad bhabhta an comhairliúcháin phoiblí, tuilleadh eolas deartha a bheith ar fáil, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus sa phobal, tháínig chun cinn ar dhearadh an EPR agus rinneadh cíoradh ar thuilleadh roghanna;
4) Tiomnaíodh an dara babtha den **gComhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil ar dhréacht an PRO idir an 4 Márta 2020 agus an 17 Aibreán 2020;
5) Tiomnaíodh tuilleadh forbartha don **Dréacht PRO úasdátaithe** tar éis dara babhta an chomairliúcháin phoiblí, agus chuir an dréacht sin na haighneachtaí a fuarthas, plé leanúnach na bpáirtithe leasmhara agus tuilleadh eolais dheartha san áireamh;
6) Tiomnaíodh an triú babtha den **gComhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil ar dhréacht úasdátaithe an PRO idir an 4 Samhain 2020 agus an 16 Nollaig 2020; agus
7) Tabhairt chun críche an **PRO**. Tar éis an t-aiseolas a fuarthas ón bpróiseas chomhairliúchain phoiblí agus pléite na bpáirtithe leasmhara agus tuilleadh eolais dheartha a chur san áireamh, cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an Scéim bheartaithe.

Bhí na comhroghanna eile i dtosach i measc líonra bóithre idir Bhéal Maighne agus Fionnradharc. Laghdaíodh na roghanna trí úsáid mhodh cineálach den scoth bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus tuiscint ginearálta do na coinníollacha/baic fhisiciúla atá ann, cúrsai timpeallachta laistigh den gceantar staidéir ina measc.

Rinneadh measúnú ar na comhroghanna bealaigh eile de réir na gcritéirí seo a leanas:

- Geilleagar;
- Sábháilteacht;
- Cómhtháthú
- Ionchuimsitheacht shóisialta agus rochtana; agus
- Comhshaol.

Rinneadh machnamh maith faoi comhroghanna eile rothaíochta agus bhí sé sin tábhachta sa phróiseas aithint an EPR.

Tar éis an t-eolas a mheas mar gheall ar comhroghanna bealaigh eile mar a leagadh amach roimhe seo, aithníodh an EPR. Seo acoimhre an EPR sin:

> *Tosaíonn an Conair Crói-Bhus (CBC) ag Stáisiún Chluain Ghrífíne agus téann sé trí Phríomhshráid Chluain Ghrífíne a mbeadh sínte chun Bhóthar Mhullach Íde a nascadh léi ag acomhal nua ó thuaidh Acomhal Halla an Chláir. Téann an CBC idir Bhóthar Mhullach Íde chuig an acomhal idir Marglann Marino/Fionnradharc. Ón bpointe seo ceanglaíonn an CBC le tionscadal eile, Scéim rothaíochta idir Chluain Tairbhe go dtí Lár na Cathrach* [dá gairmtear anois an Tionscadal Rothaíochta agus Tús-áite doBhusanna idir Chluain Tairbe agus Lár na Cathrach] *a bhfuil beartaithe ag Comhairle na Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi láthair.'*

5.3 Comhroghanna deartha eile

I ndiaidh don bpróiseas comhairliúcháin a bheith críochnaithe mar gheall ar an EPR, rinneadh roinnt leasuithe do bheartais na scéime chun dul i ngleic le roinnt ceisteanna a bhí tarraingthe anuas in aighneachtaí, lena n-áirítear moltaí ó chónaitheoirí, grúpaí pobail, ionadaithe tofa agus páirtithe leasmhara a ionchorprú, agus/nó nuair a fuarthas amach eolas sa bhreis. Ionchorpraíodh na leasuithe seo in sna dearaí agus éiríodh anuas uathu dréacht PRO.

An Rogha EPR a bhí molta an Scéim bheartaithe a thosú ag stáisiún DART Chluain Ghríffíne agus rachfadh sé trí Príomhshráid Chluain Ghríffíne chun dul leis an mBóthar Mhullach Íde ag acomhal nua (Ascaill Abhainn na Maighne / acomhal Bhóthar Mhullach Íde) go dtí an taobh ó thuaidh acomhail Halla an Chláir. Ansin rachfadh sé trí Bhóthar Mhullach Íde go dtí acomhal Ascaill Ghríffíne. Athbhreithníodh an EPR ó rinne Comhairle na Cathrach Bhaile Átha Cliath dul chun cinn ar an Scéim bheartaithe idir Príomhshráid Bhéal Maighine agus Ascaill Bhéal Maighine agus ó fuair sí formheas ó DCC agus cinneadh go soláthródh tionscadal Chomhairle na Cathrach Bhaile Átha Cliath nasc cuí don stáisiún Dart Chluain Ghríffíne, agus dá bharr sin athreithníodh pointe tosaigh na Scéime beaertaithe go dtí Ascaill Abhainn na Maighine / Acomhal Bhóthar Mhullach Íde.

Roinnt de na hathruithe a bhí déanta maidir leis an dearadh tharla siad de bharr an aiseolas a fuarthas le linn an dara agus tríú babhta den gcomhairlíúchán phoiblí agus ar feadh na bpléite a bhíothas le páirtithe leasmhara. Bíodh sin mar atá, athruithe beaga don Dréacht PRO a raibh aitheanta.

Sa phróiseas measúnaithe cuireadh san áireamh tionchair timpeallachta chomh maith le toiscí cuí eile ena n-áirítear an geilleagar, sábháilteacht, cúrsaí rochtana chun an scéim bheartaithe a bhaint amach.

6. Cur síos na Scéime beartaithe

Is é garfhad na Scéime Bheartaithe 5.7 ciliméadar agus téann sé feadh Bhóthar Mhullach Íde (R107) ó Ascaill Abhainn Mhaighne - R107 acomhal Bhóthar Mhullach Íde go dtí an acomhal idir Marglann Marino - Fionnradharc agus rachaidh an bealach rothaíochta tríd an acomhal idir Bhóthar Mhullach Íde - Bóthar Bhriain feadh Bhóthar Uí Chaireallain, Páirc Naomh Aodháin, Bóthar Uí Ábhartaigh agus Marglann Marino, go léir i gContae Bhaile Átha Cliath, agus laistigh de limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ón bpointe seo ceanglaíonn an scéim le tionscadal eile, Tionscadal Tús-áite do Bhusanna idir Chluain Tairbhe agus Lár na Cathrach á fhorbairt ag DCC faoi láthair. Ceanglaíonn tús na sceime le tionscadal eile á fhorbairt ag DCC is é sin an Scéim Príomhshráid Bhéal Maighne agus Scéim Ascaill Bhéal Maighne a sholáthraíonn naisc rothaíochta agus siúl idir Stáisiún Dart Chluain Ghrífine. Soláthróidh an Tionscadal Tús-áite do Bhusanna idir Chluain Tairbhe agus Lár na Cathrach lánaí rothaíochta scartha agus bonneagar tús-áite do bhusanna feadh an bhealaigh 2.7 cm a théann ó Bhóthar Chluain Tairbhe ag an acomhal idir Bóthar Alfie Byrne chuig Sráid Amiens ag an acomhal idir Shráid Thalbhóid agus Lár na Cathrach.

Thángthas chun cinn ar dhearadh na Scéime beartaithe trí dhearadh cuimsitheach a dhéanamh arís is arís agus trí bhéim a chur ar na tionchair timpeallachta a mhaolú nuair is indéanta, le linn d'aidhmeanna na Scéime beartaithe a bheith á mbaint amach. Anuas air sin, ionchorpraíodh an t-aiseolas a fuarthas ó chlár cuimsitheach an chomhairliúcháin a bhí tiomnaithe tríd an bpróiseas rogha agus forbartha deartha, nuair is iomhchuí é a dhéanamh.

Forbraíodh an Scéim bheartaithe chun a chinntiú go gcomhtháthófaí na priosabail maidir le dearadh uilíoch go hiomlán sa dearadh chun rochtain a sholáthar do chuile úsáideoir agus chun bacainní do dhaoine faoi mhíchumas a dhíbirt.

Taispeántar in Íomhá 6.1 leagan amach bhóthair tipiciúil BusConnects.

Íomhá 6.1: Leagan amach bhóthair tipiciúil BusConnects

Tiocfaidh feabhais ollmhóra d'áiseanna coisithe agus rothaíochta agus don gcóras tús áite do bhusanna as an Scéim bheartaithe. Is iad seo roinnt de na hathruithe tábhachtacha a dhéanfar don gconair atá ann dá bharr na Scéime beartaithe:

- Beidh 45% níos mó trasrianta coisithe ó 36 go 52 mar thoradh ar an Scéim bheartaithe;
- Méadófar sciar na n-áiseanna rothaíochta ó 4% atá ar an gconair anois go 100% ar an Scéim bheartaithe;
- Méadófar sciar an bhealaigh a bhfuil bearta tosaíochta do bhusanna air ó 74% atá ar an gconair anois go 100% ar an Scéim bheartaithe.

Cuirtear cur síos ar an Scéim bheartaithe de réir na gcodanna geografacha seo a leanas:

- Cuid 1 - Ascaill Abhainn na Maighine go Bóthar Ghort na nGrás - Bóthar Mhullach Íde; agus
- Cuid 2 - Bóthar Ghort na nGrás agus Bóthar Chluain Tairbhe - Bóthar Mhullach Íde.

6.1 Cuid 1 - Ascaill Abhainn na Maighine go Bóthar Ghort na nGrás - Bóthar Mhullach Íde

Téann Cuid 1 den Scéim bheartaithe ar an R107 Bóthar Mhullach Íde agus tosaíonn sé in Ascaill Abhainn na Maighine - Acomhal Bhóthar Mhullach Íde, go dtí an acomhal idir é agus an R808 ag Bóthar Ghort na nGrás. Beartaítear go n-uasghrádófar na hacomhail seo a leanas chun tosaíocht do bhusanna a sholáthar agus chun áiseanna coisithe agus rothaíochta a neartú:

- Bóthar Mhullach Íde / R139 Ascaill Halla an Chláir;
- Bóthar Mhullach Íde / Teacht isteach Ionad siopadóireachta Halla an Chláir;
- Bóthar Mhullach Íde / Céide Blunden / Bóthar Choill an Phrióra;
- Bóthar Mhullach Íde / Bóthar Thóin le Gaoth / Corrán Bhaile an tSrutháin; agus
- Bóthar Mhullach Íde / Bóthar Ghort na nGrás.

Athdhearaíodh na hacomhail chun áiseanna a fheabhsú agus chun an t-aighneas idir úsáideoirí a laghdú. Moltar go gcuirfí leis an lána bus go dtí an líne stop ar dhruid ó thuaidh chuig an mBóthar Mhullach Íde. Moltar go laghdófaí an luasteorainn go 50 km/u ó Ascaill Halla an Chláir isteach chuig Lár na Cathrach.

Idir Ascaill Halla an Chláir agus Céide Bluden, coimeádófar lána bus amháin agus dhá lána d'fheiticlí coitianta sa dá threo. Beidh gá ar thalamh a fháil go sealadach chun láithreán tógála a chur idir Pháirc na bhFearbán agus Bóthar Mhullach Íde. Beidh tírdhreachú i gceist leis an láithreán tógála a aischur agus beidh níos mó crann ag an áit sin. Beidh sé riachtanach talamh a fháil 250m siar ón acomhal Bhóthar Choill an Phrióra chun áis casadh timpeall do bhusanna a sholáthar.

Idir acomhal Choill Ghort na nGlas agus Iostáin an Bhaile Nua tá rian coisithe agus rothaíochta beartaithe a nascódh Céide Bhán an Aeir agus Bóthar Mhullach Íde. Ailíníodh trasrian túcánach atá beartaithe anseo leis an rochtain nua seo. Taispeántar é seo in Íomhá 6.2.

Íomhá 6.2: Feabhsúchán rotharbhealaigh agus cosán do Bhóthar Mhullach Íde ar Trasbhealach Céide Bhán an Aeir - ag féachaint ó dheas

Tá sé ceaptha lána bus singil agus lána tráchta ghinearálta sa dá threo a choimeád idir acomhal Bhóthar Thóin le Gaooth agus acomhal Bhóthar Ghort na nGrás, a bhfuil rian rothar scartha amach ann. Tá sé molta rothaithe atá ag dul isteach a bheith atreoraithe chuig an tsráid chiúin thadhlach, Ascaill Naomh Bhreandáin. Is féidir le rothaithe dul ar ais ar an mBóthar Mhullach Íde ag Bóthar Ghort na nGrás.

Déanfaidh acomhal a mbeidh soilse tráchta ann den timpeallán atá ag Bóthar Ghort na nGrás. Feabhsófaí na háiseanna rothaíochta agus soláthrófaí tuilleadh spásanna scartha.

6.2 Cuid 2 - Bóthar Ghort na nGrás agus Bóthar Chluain Tairbe - Bóthar Mhullach Íde

Tosaíonn Cuid 2 den Scéim Bheartaithe ag acomhal Bhóthair Ghort na nGrás go dtí an acomhal Bhóthair Chluain Tairbhe. Uasghrádóaidh an Scéim Bheartaithe na hacomhail seo a leanas ar an mBóthar Mhullach Íde laistigh den gcuid seo:

- Bóthar Mhullach Íde / Ascaill an Choilínigh;
- Bóthar Mhullach Íde / Ascaill Chóplainn / Ascaill Ghríffíne; agus
- Bóthar Mhullach Íde / Bóthar Chluain Tairbhe.

Idir Acomhal Bhóthar Ghort na nGrás agus Acomhal Ascaill Chill Easra, tá sé ceaptha lána leanúnach do bhusanna agus lána amháin do thrácht ginearálta sa dá threo a sholáthar. Soláthrófar rianta do rothaithe amháin agus áiseanna coisithe tríd an gcuid seo. Chun é sin ao dhéanamh, beidh sé riachtanach tuilleadh talún a fháil ó réadmhaoin phríobháideach.

Idir Acomhal Ascaill Chill Easra agus Acomhal an Choilínigh, soláthrófar lána leanúnach do bhusanna agus lána amháin do thrácht ginearálta sa dá threo. Soláthrófar rianta do rothaithe amháin agus áiseanna coisithe tríd an gcuid seo. Bhí gá leis an mbóthar idir na hacomhail seo a raibh ann cheana a fhairsingiú ionas go mbeadh a dhóthain spáis do leithid na lánaí a mhiannaítear agus d'áiseanna stad bus. Ní foláir go bhfaighfí talamh ó réadmhain phríobhaideach idir Ascaill Phairc na Bealtaine agus Ascaill an Choilínigh ar an mbealach isteach den mBóthar Mhullach Íde.

Idir Acomhal Ascaill an Choilínigh agus Acomhal Ascaill Ghríffíne tá sé ceaptha go soláthrófar lána bus leanúnach agus lána amháin do thrácht ginearálta sa dá treo. Chomh maith leis sin, ní fóláir go bhfairsingeofaí na bóithre chun rianta do rothaithe amháin sa dá threo a chur agus chun é sin a dhéanamh beidh tuilleadh talún ó réadmhaoine idir Seipéal Dhomhnach Cearna agus Bóthar Chlann Chárthaigh ar an mbealach isteach den mBóthar Mhullach Íde de dhíth. De bharr na n-oibreacha beartaithe ní foláir na crainn atá ar oileáin tráchta nó idir an bhóthar agus an cosán a dhíchur, agus ní fóláir deiseanna neartú an tsráid-dreacha a aimsiú mar chuid den dearadh. Léirítear feabhas na ríochta poiblí ag Séipéal Dhomhnach Cearna in Íomhá 6.3 agus Íomhá 6.4.

Íomhá 6.3: Feabhas na ríochta poiblí ag Séipéal Dhomhnach Cearna

Íomhá 6.4: Feabhas na ríochta poiblí ag Acomhal Dhomhnach Cearna

Beartaítear an lána do bhusanna agus trácht ginearálta sa dá threo a leanúint idir Acomhal Ascaill Ghríffíne agus Acomhal Bhóthar Cluain Tairbhe. Faoi láthair níl ach trí lána tráchta ar an gcuid sin den mbóthar. Chun an socrú nua maidir le ceithre lána a éascú, beidh gá tuilleadh talún a fháil ó réadmhaoin chógarach ag na háiteanna seo a leanas:

- Idir Bhóthar Charlemont agus Plás an Chorráin (an taobh isteach); agus
- Idir Phlás an Chorráin agus Bóthar Chluain Tairbhe (an taobh amach).

Soláthrófar bealach rothaíochta malartach trí bhealach níos ciúine feadh Bħóthar Bhriain, Bóthar Uí Chaireallain, Páirc Naomh Aodháin, Bóthar Uí Ábhartaigh agus Marglann Marino sa chuid seo. Beidh rothaithe in ann teacht air arís ag Marglann Marino agus nasc a dhéanamh leis an Tionscadal tús áite do bhusanna agus rothair idir Chluain Tairbhe agus Lár na Cathrach. Moltar go ndúnfar Bóthar Uí Ábhartaigh d'fheiticlí ag an mbun den tsráid ina bhfuil Páirc Naomh Aodháin. Cabhróidh an moladh chun an trácht a laghdú níos mó ar Bhóthar Bhriain, Bóthar Uí Chaireallain agus Bóthar Uí Ábhartaigh.

Beidh na lánaí busanna beartaithe nasctha leis an Tionscadal Tús Áite do Bhusanna agus Rothair, tionscadal a bhfuil á chur cinn ag DCC le faomhadh Cuid VIII.

7. An Tógáil

Táthar ag súil leis go dtógfadh sé 24 mí go neasach céim tógála na Scéime beartaithe a chríochnú. Tógfar é ar i stráicí agus tógfaidh sé idir 3 agus 9 mí gach stráice a chríochnú.

Áireofar i dtógáil na Scéime beartaithe na gníomaíochtaí a leanas:

- Ullmhú an láithreáin agus obair ghlanta, lena n-áirítear:
  - Cúistiúnacht talún nuair is gá talamh sealadach nó buan a ghabháil;
  - Scionsaí agus comharthaí a chur isteach
  - Cosaint crann agus aon fhásra a chaithfear a choimeád;
  - Fásra a bhaint agus déileáil le speicis neamhdhúchasacha ionracha;
  - Imscrúduithe seandáíochta;
  - Imscrúduithe talún;
  - An Láithreán Tógála a chur ar bun;
  - Soilse sealadacha a chur ar bun; agus
  - Rudaí a scriosadh cosúil le ballaí, geataí, sconsaí, cuaillí solais agus stadanna bus.
- Úasdátaithe bóithre agus sráideanna, lena n-airítear:
  - Malartuithe maidir le cúrsaí rochtana agus an carrchlós;
  - Cur i bhfeidhm na mbeart sábháilteachta do choisithe agus rothaithe;
  - Iamh bóithre nó malairí slí a chur i bhfeidhm;
  - Tochaltán barrithreach agus fo-ithreach;
  - Ceartú nó úasgráduithe don sruthchóras;
  - Athailíniú, cur in ionad nó cosaint d'fhóntais agus seirbhísí;
  - Cosán a thógáil, lena n-áirítear carrbhealach, colbhaí, timpealláin a athrú chun acomhail ina bhfuil soilse tráchta, athruithe do phairceáil agus bánna lódála; cosáin a uasghrádú, rianta rothaíochta a chur isteach; stadanna bus a fheabhsú (oileán, limistéar tuirlingthe roinnte, inlíne, cineálacha leataoibh, scáthláin bhus, CCTV agus scáileáín eolais); etc;
  - Oiriúintí bóithre a úasghrádú (lena n-airítear oiriúintí bóithre, comharthaí, soilse agus córais chumarsáide); agus
  - Tírdhreachú.
- An láithreán tógála a chur as feidhm, lena n-airítear na háiseanna agus trealaimh tógála go léir a bhaint.

Beidh an láithreán tógála den Scéim bheartaithe ag talamh cóngarach do Pháirc na bhFearbhán/Bóthar Mhullach Íde. Beidh an Láithreán Tógála in úsáid mar an bpríomhshuíomh stórála d'ábhair, fearas agus trealaimh, oifigí an tsuímh, áiseanna d'oibrithe agus líon beag spásanna páirceála. Daingneofar é chun stóráil sábháilte na measíní agus trealamh an láithreáin eile a chinntiú. Cuirfear suas sconsaí sealadacha, agus fostófar gardaí slándála. Taispeántar Leagan amach táscach an Láithreáin Tógála i Íomhá 7.1.

Íomhá 7.1: Leagan Táscach de Chomhdhúil TógálaCL1

7.1 An Plean Bainistíochta agus Comhshaoil maidir le Tógáil

Ullmhaíodh an Plean Bainistíochta agus Comhshaoil maidir le Tógáil (CEMP) agus déantar cur síos ar an straitéis bhainistíochta agus chomhshaoil a chuirfear i bhfeidhm le linn chéim tógála na Scéime Beartaithe. Áiríonn an CEMP na bearta maolaithe a chuirfear i bhfeidhm chun cosaint chomhshaoil le linn chéim tógála na Scéime Beartaithe. Téann an CEMP i ngleic leis an mbainistiú tráchta, bainistiú acmhainne agus drámhaíola, bainistiú ar speicis lonracha, bainistiú ar uisce dromchla agus bearta freagartha ar eachtraí comhshaoil. Is dociméad dinimiciúil é an CEMP agus beidh ar an gconraitheoir a cheapfar a chinntiú go mbeidh sé cothrom le dáta ar feadh na tréimhse tógála. D'fhéadfaí an CEMP a athrú ar feadh na tréimhse tógála chun torthaí monatóireorachta, athruithe reachtaíochta, torthaí ar chomhairliúcháin triú páirtí a rinneadh a chur san áireamh etc. Féadtar tuilleadh aguisíní a chur don CEMP chun frestal ar thorthaí monatóireachta, ceadúnais etc. Agus an CEMP á chríochnú ag an gconraitheoir ceaptha áfach ní théann sé i bhfeidhm ar stróinseacht agus dóthanacht an eolais a léirítear anseo agus muinín a chur iontu san EIAR.

7.2 Plean Bainistíochta Tráchta maidir le Tógáil

Téitear i ngleic leis an mbainistíocht tráchta tógála sa CEMP, chun a léiriú conas a bhainisteofar an t-idirphlé idir dhaoine agus an trácht lena mbaineann cúrsaí tógála agus conas a chuirfidh smacht ar ghluaiseacht feithiclí.

Coimeádfar ar oscailt na bóithre agus sráideanna a mbeidh uasdátaithe feadh na Scéime Beartaithe ar feadh na n-oibreacha tógála a mhéid is indéanta le réasún. Chun an trácht a choimeád, is gá corruair malairtí slí nó srianta lána áitiúla a chur chun codanna áirithe na n-oibreacha a chríochnú.

Coimeádfar rochtain ar réadmhaoin na ndaoine a mhéid is indéanta le réasún. Cé go mbeadh srianta rochtana sealadacha ar feadh gnáthuaireanta oibre, rachfar i dteagmháil leis na húsáideoirí buailte agus socrófar iad ag dul i gcomhairle leo. Coimeádtar rochtain d'fheithiclí éigeandála an t-am ar fad.

Nuair is féidir, coimeádtar ar bun na rianta rothaíochta agus siúl feadh an bhealaigh trí thréimhse na n-oibreacha tógála ar fad. Más gá, cuirfear ar fáil bealaigh mhalartacha chun turais choisithe agus rothaíochta a éascú. Coimeádfar ar siúl seribhísí bus ach d'fhéadfaí gá tuilleadh stadanna bus a athshuí chun na hoibreacha a éascú.

Críochnófar na hoibreacha cuid i ndiaidh choda feadh na conaire ionas nach gcuirfidh an obair tógála isteach ar aon áit thar thréimhse rófhada ama ar feadh na tréimhse de thart ar 24 mhí. Éascóidh NTA cumarsáid réamhghníomhach na n-oibreacha sceidealta pleanáilte le comhoibriú an chonraitheora cheaptha chun a chinntiú go gcoinnítear daoine aonair, gnóthais agus pobail ar an eolas faoi chur isteach sealadach dóchúil atá le teacht.

8. Tionchair timpeallachta agus a Maolú

Soláthraíonn an próiseas EIA deis luachmhar chun tionchair chomhshaoil ionchasacha a laghdú trí mhionchoigeartú dearaidh, agus bhí sé seo ina chuid dhílis den phróiseas dearaidh don Scéim Beartaithe, agus ag an am céanna ag cinntiú go mbaintear amach cuspóirí na Scéime Beartaithe. Ina theannta sin, ionchorpraíodh aiseolas a fuarthas ón gclár comhairliúcháin cuimsitheach a rinneadh le linn an phróisis um roghnú roghanna agus forbairt dearaidh nuair is cuí.

Tá dearadh na Scéime Beartaithe tar éis a bheith forbartha go dtí an bpointe gur féidir na tionchair timpeallachta go léir a bheith aitheanta agus féadtar measúnacht tionchair timpeallachta atá cuimsitheach a bheith déanta. Is dócha go dtógálfadh an Scéim Bheartaithe conraitheoir cuí ceaptha faoi fhoirm conartha Dearadh agus Tógáil. Beidh an té a cheapfar freagrach as an dlaoi mhullaigh a chur ar dhearadh na Scéime Beartaithe i gcomhlíonadh Riachtanas an Fhostóra, lena n-áirítear i gcomhlíonadh riachtanais an Ráiteas EIAR agus Ráiteas tionchair an Dúlra (NIS) (lena n-áirítear chuile beartas maolaithe) agus aon choinníollacha maidir le cead forbartha. D'fhéadfaí athruithe beaga a dhéanamh don dearadh molta ag an gceim deartha chun leas a bhaint as deiseanna an dearadh a fheabhsú i bhfianaise taithí na conraitheoirí nó i bhfianaise nuálaíochtaí eile. Ní bheidh ag eascairt as na hathruithe beaga seo áfach aon tionchar atá níos mhórchúisí na cinn a bhí aitheanta agus measta san EIAR seo.

Soláthróidh na codanna seo a leanas acoimhre ar na measunachtaí do chuile topaic timpeallachta agus leagtar síos na tionchair is dócha a bheith ann mar thoradh ar an obair tógála agus oibriú na Scéime beartaithe. Tá cur síos ar na topaicí comhshaoil seo a leanas:

- Cúrsaí tráchta agus iompair;
- Caighdeán Aeir;
- Aeráid;
- Torann agus Creathadh
- Daonra;
- Sláinte daonna;
- Bithéagsúlacht;
- Uisce
- Geolaíocht ithreacha talún agus Hidrigeolaíocht
- Oidhreacht Seandálaíochta agus Chultúrtha;
- Oidhreacht Ailtireachta;
- Tírdhreach (uirbeach) agus Amharc;
- Dramhaíl agus Acmhainní;
- Sócmhainní ábhair;
- Riosca de mhorthimpistí agus / nó tubaistí; agus
- Tionchair charnacha agus timpeallachta.

8.1 Cúrsaí Tráchta agus Iompair

Tá dhá chuid den mheasúnú tráchta agus iompair: na hathruithe fisiceacha a ndéanfaí do líonraí iompair agus an múnlú tráchta.

Roinntear na tionchair tráchta agus iompair in sna topaicí measúnaithe seo a leanas mar gheall ar na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin:

- Measúnú ar athruithe fisiceacha:
  - **Bonneagair coisithe**: Na hathruithe ar chaighdeán an bhonneagair coisithe de bharr na Scéime beartaithe;
  - **Bonneagar rothaíochta:** Na hathruithe ar chaighdéan an bhonneagair rothaíochta de bharr na Scéime beartaithe;
  - **Bonneagar do bhusanna:** Na hathruithe ar chaighdéan an bhonneagair do bhusanna de bharr na Scéime beartaithe; agus
  - **Páirceáil / Lódáil:** Na hathruithe ar infhaighteacht phairceála agus lódála de bharr na Scéime beartaithe.
- Téann an measúnú bunaithe ar léirshamhail i ngleic le:
  - **Gluaiseacht Daoine:** Rinneadh measúnú chun a fháil amach faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim bheartaithe ar an méid daoine a bheidh ag dul feadh na Scéime beartaithe (de réir mhodh - trácht siúl, rothaíochta, bus agus ginearálta) le linn na Céime feidhmiúcháin;
  - **Táscairí feidhmíochta bus**: Na hathruithe ar amanna aistear atá tuartha agus infhaighteacht na mbusanna a mbeidh ann de bharr na Scéime beartaithe; agus
  - **Trácht Ginearálta:** Tionchair díreacha agus indíreacha ar an trácht ginearálta de bharr úsáid na Scéime beartaithe agus an líonra bóithre sa cheantar.

Le haghaidh na céime tógála, ullmhófar sochrúcháin bhainistithe tráchta i gcomhréir leis an 'Lámhleabhar Comharthaí Tráchta, Caibidil 8 Bearta Tráchta sealadacha agus Comharthaí d'Oibreacha Bóithre'. Cuirfear i bhfeidhm bearta chun na tionchair a bhaineann leis an gCéim tógála a mhaolú. Ullmhóidh an conraitheoir tógála Plean Bainistíochta soghluaiseachta maidir leis an gCéim Tógála chun na hoibrithe a spreagadh taisteal chuig an láithreán trí mhodhanna inbhuanaithe.

Cinntear sa mheasúnú go mbeidh tionchar na Céime tógála diúltach, neafaiseach agus sealadach, agus nuair a chuirtear i bhfeidhm na bearta maolaithe a ndearnadh cur síos orthu, ní bheidh mórthionchar ar thrácht agus iompar.

Cinntíonn na tionchair a ndearnadh measúnú orthu don gCéim oibríochta conas a théann an Scéim bheartaithe le chéile leis an líonra atá ann agus athruithe do shreafaí tráchta san áit staidéir díreach agus neamhdhíreach. Taispeánann an measúnú an méid a leanas:

- **Bonneagair coisithe**: I gcoitinne, beidh mórthionchar dearfach sa fadtéarma ar fheabhais chaighdeán an bhonneagair choisithe ag Cuid 1 (cuid thuaidh na Scéime beartaithe), agus tionchar dearfach measartha sa fadtéarma ag Cuid 2 (cuid theas na Scéime beartaithe).
- **Bonneagar rothaíochta:** i bhfianaise chaighdeán an bhonneagair a bhí ann feadh na Scéime beartaithe, beidh éifeacht fadtéarmach mhaith ag na feabhais ar an Sceim bheartaithe ar fad.
- **Bonneagar bus:** Taispeánann torthaí an mheasúnaithe go mbeidh éifeacht fadtéarmach mhaith ag feabhais an bhonneagair do bhusanna.
- **Páirceáil agus Lódáil:** i bhfianaise an scéil go gcailleofaí spásanna pairceála agus go laghdófaí infhaighteachta de spásanna malartacha, táthar ag súil leis go mbeidh éifeacht fadtéarmach agus diomaibhseach i gCuid 1 agus meánéifeacht diúltach fadtéarmach i gCuid 2.
- **People Movement:** I gcoitinne táthar ag súil leis go mbeidh olléifeacht fadtéarmach ar an Scéim bheartaithe nuair méadóidh méid na ndaoine ag taisteal tríthi.
- **Feidhmíocht Líonra Bus:** i gcoitinne táthar ag súil leis go mbeidh olléifeacht dearfach agus fadtéarmach ar an Scéim bheartaithe ar úsáideoirí busanna.
- **Feidhmíocht Tráchta Ginearálta:** i gcoitinne, cinntíodh go mbeidh meánthionchar dearfach agus fadtéarmach ar an laghdú de shreafaí tráchta feadh na Scéime beartaithe fad a mbeidh tionchar an

athdháilte den trácht ginearálta neafaiseach diúltach agus fadtéarmach. Mar sin, i gcoitinne ní bheidh morán mheatha ar an dtimpeallacht tráchta sa cheantar.

Soláthróidh an Scéim bheartaithe tionchair mhaithe do chaighdeán an bhonneagair choisithe i rith na Céime oibríochta, tiocfaidh feabhas ar shaoil na ndaoine de réir spriocanna na scéime. Ag eascairt as na feabhais seo beidh roghanna malairte níos fearr don gcarr príobháideach agus cuirfear chun cinn athruithe ó úsáid na ngluaisteán príobháideach chuig siúil, rothaíocht agus iompar poiblí, agus beidh spás do níos mó daoine feadh na conaire a éascóidh taisteal inbhuanaithe na ndaoine nuair a tiocfaidh fás ar leibhéil an daonra agus fostaíochta sa todhchaí. Fad is a bhíothas ag forbairt dearadh na scéime seo, cloíodh leis na treoracha rochtana agus prionsabail uilíocha dearaidh atá cuí chun rochtain a chur ar fáil do chuile úsáideoir.

Ó dtarlaíónn sé go n-eascraíonn tionchar mhaith ón Scéim bheartaithe maidir le gluaiseacht na ndaoine, trí shiúl, rothaíocht agus dul ar bhusanna, níor measadh na beartais mhaolaithe nó monatóireachta seachas na cinn a bhí ionchorpraithe mar chuid den Scéim bheartaithe.

Incorpraítear na tionchair ar an trácht agus ar chúrsaí pairceála / lódála, lena n-áirítear beartais mhaolaithe na Scéime beartaithe agus ní gá tuilleadh beartas maolaithe a chur san áireamh.

Tá sé léirithe in anailís bhreise atá déanta leis na samhlacha a ghabhann leis an Scéim Mholta go n-éascófar leis an mbonneagar bus nua leibhéal suntasach athléimneachta do sheirbhísí bus a bhainfidh úsáid as an Scéim Mholta, chomh luath agus a chuirtear i bhfeidhm í agus as an bpointe sin amach. Leis an Scéim Mholta, soláthrófar leibhéal níos airde cosanta do chomhsheasmhacht agus d'iontaofacht ama turais bus agus ligfear leis patrún seirbhíse agus minicíocht na seirbhísí bus araon a bheith méadaithe amach anseo chun freastal ar an éileamh breise gan tionchar diúltach suntasach a bheith aige ar iontaofacht am turais bus nó saoráidí rothaíochta agus coisithe a oibriú.

8.2 Caighdeán an Aeir

Mar chuid den mheasúnú ar cháilíocht an aeir rinneadh athbhreithniú ar na sonraí foilsithe a bhí ar fáil, chomh maith le hathbhreithniú ar na treoirlínte infheidhmithe, monatóireacht ar cháilíocht an aeir ag láithreáin íogaire ar fad chúrsa na Scéime Molta agus ríomhanna chun tionchair ar cháilíocht an aeir a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an Scéim Mholta a mheas.

Comhlíonann an caighdeán aeir atá ann ar fad chúrsa na Scéime Molta na caighdeáin cháilíochta aeir Náisiúnta agus na caighdeáin cháilíochta aer de chuid na Aontais Eorpaigh araon.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu don Chéim Tógála, tá astaíochtaí deannaigh ó ghníomhaíochtaí mar shampla glanadh an láithreán, an t-atreorú fóntais, oibreacha tógála bóithre agus acomhal, agus an tírdhreachú.

Cuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go n-íoslaghdaítear an cur isteach ón deannach tógála le linn na Céime Tógála.

Rinneadh measúnú ar na tionchair ionchasacha ar cháilíocht an aeir a ghabhann le bealaí tráchta tógála na Céime Tógála agus athruithe ar shreafaí tráchta. Is é an tátal atá déanta sa mheasúnú ná nach mbeidh an trácht tógála ann ach amháin sa ghearrthéara agus/nó ar bhonn sealadach, agus nach mbeidh an tionchar a bheidh aige ar cháilíocht an aeir suntasach má chuirtear na bearta maolaithe atá beartaithe i bhfeidhm. Ní bheidh aon bhearta maolaithe ag teastáil le linn na Céime Tógála toisc go bhfuil sé tuartha go mbeidh na leibhéil truailleán aeir comhthimpeallaí uile ag comhlíonadh leis na caighdeáin cháilíochta aeir. Aithníonn an measúnú tionchar neodrach, gearrthéarmach agus nach bhfuil suntasach go ginearálta ar cháilíocht an aeir mar thoradh ar Chéim Tógála na Scéime Beartaithe.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu don Chéim Oibriúcháin, áirítear na tionchair fhéideartha atá ann ar cháilíocht an aeir a bhaineann le hathruithe ar shreafaí tráchta ar fad chúrsa na Scéime Beartaithe chomh maith le lánaí tráchta agus sreafaí tráchta a bheidh athailínithe. Ní bheidh aon bhearta maolaithe ag teastáil le linn na Céime Oibríocháin toisc go bhfuil sé tuartha go mbeidh na leibhéil truailleán aeir comhthimpeallaí uile ag comhlíonadh leis na caighdeáin cháilíochta aeir. Tá tionchar neodrach, gearrthéarmach ar cháilíocht an aeir, nach bhfuil suntasach go ginearálta, aitheanta sa mheasúnú mar thoradh ar Chéim Tógála na Scéime Molta.

8.3 An Aeráid

Sainmhínítear an aeráid mar an meán-aimsir thar thréimhse ama ar leith. Athrú suntasach atá i gceist leis an athrú aeráide maidir leis an meán-aimsir, agus cé gur feiniméan nádúrtha é an t-athrú aeráide, tá tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí daonna ar an aeráid, trí scaoileadh an gháis ceaptha teasa.

Mar chuid den mheasúnú aeráide, rinneadh athbhreithniú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar na treoirlínte infheidhmithe agus ar na ríomhanna réamhtuartha chun na tionchair a bheidh ar an aeráid a mheas. Rinneadh an Scéim Mholta a mheas ó thaobh a leochaileachta i dtaca leis an athrú aeráide freisin.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu don Chéim Tógála, tá astaíochtaí ghníomhaíochtaí mar shampla glanadh an láithreáin, an t-atreorú fóntais, forleathnú bóithre agus oibreacha tochailte (nuair is gá), chomh maith le hoibreacha ag achomhail agus an tírdhreachú. Rinneadh bealaí tráchta tógála a mheas mar chuid den mheasúnú freisin. Beidh trácht tógála agus an carbón corpraithe (i.e. an fuinneamh iomlán a theastaíonn chun aon táirge nó seirbhísí a dhéanamh/a tháirgeadh) le haghaidh aon ábhar tógála a theastaíonn mar phríomhfhoinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa le linn chéim na tógála.

Ionchorpraíodh bearta maolaithe sa dearadh tógála agus é mar aidhm an carbón ionchorpraithe a bhaineann le Céim Tógála na Scéime Beartaithe a laghdú. Áirítear leis na bearta maolaithe seo coincréit ina bhfuil stroighin Portland le slaig foirnéise soinneáin gráinnithe talún a athsholáthar, nuair is féidir. Sábháladh thart ar 243 tonna CO_{2eq} i ndearadh reatha na Scéime Beartaithe mar thoradh ar an mbeart seo.

Meastar go mbeidh astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa na Céime Tógála de thart ar 5,226 tona leabaithe CO_2eq d'ábhair thar an tréimhse tógála thart ar 24 mí mar thoradh ar an Scéim Beartaithe, comhionann le huasmhéid bliantúil de 0.005% d'astaíochtaí náisiúnta na hÉireann in 2019 nó 0.008% de sprioc Scéim Trádála Neamh-Astuithe 2020 na hÉireann.

Tar éis na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, táthar ag súil go mbeidh tionchar iarmharach gearrthéarmach, diúltach, suntasach ar an aeráid mar thoradh ar Chéim Tógála na Scéime Beartaithe.

Beidh an tionchar féideartha ar an aeráid le linn Chéim Oibriúcháin na Scéime Beartaithe ó ghluaisteáin agus busanna a mbeidh tionchar ag an scéim orthu Dearfach, Suntasach agus Buan.

Cumasóidh an Scéim Bheartaithe tuilleadh laghduithe ar an sciar de mhodhanna gluaisteáin agus aistriú comhfhreagrach go modhanna iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta. Is féidir é seo a bhaint amach trí bharrfheabhsú comharthaí, minicíocht mhéadaithe bus, tuilleadh fáis ar rothaíocht agus bearta bainistíochta éilimh. Mar thoradh ar mhéadú níos mó ar sciar an mhodha inbhuanaithe beidh laghduithe breise ar astuithe GHG, thar na cinn a tuairiscíodh sa mheasúnú thuas. Tá an poitéinseal ag an Scéim atá molta astuithe GHG a laghdú atá comhionann le baint de thart ar 18,000 agus 19,500 turas cairr in aghaidh na seachtaine ón ngréasán bóithre in 2028 agus 2043 faoi seach. Cuireann sé seo go mór leis an sprioc náisiúnta de 500,000 turas breise ar shiúl, ar rothaíocht agus ar iompar poiblí in aghaidh an lae faoi 2030 mar atá leagtha amach mar sprioc i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2021 an Rialtais. Táthar ag tuar go mbeidh na hastuithe gáis cheaptha teasa a bhaineann le Céim Oibriúcháin na Scéime Beartaithe (i.e. bonneagar na scéime a chothabháil), tar éis maolaithe, neodrach agus buan.

Tacóidh Oibreacha Bonneagair CBC freisin le seachadadh straitéisí rialtais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus san Acht um Aeráid 2021 trí shoghluaisteacht inbhuanaithe a chumasú agus trí chóras iompair inbhuanaithe a sheachadadh, ag ailíniú le haidhmeanna bonneagar feabhsaithe siúlóide, rothaíochta agus bus a sholáthar ar phríomhchonairí rochtana. i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin cumasóidh agus soláthróidh sé seo gluaiseacht iompair inbhuanaithe comhtháite feadh na gconairí sin. Soláthróidh Oibreacha Bonneagair CBC nascacht agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile as a dtiocfaidh níos mó daoine ag baint leasa as iompar poiblí.

8.4 An Torann agus an Tonnchrith

Mar chuid den mheasúnú torainn agus tonnchrith, rinneadh athbhreithniú ar na sonraí torainn bunlíne foilsithe a bhí ar fáil, tugadh monatóireacht torainn agus tonnchrith bunlíne chun críche chun déanamh amach cad iad na leibhéil chúlra reatha, agus measúnú mionsonraithe ar thionchar torainn agus tonnchrith a ghabhann leis na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin freisin.

Sna suirbhéanna bunlíne, cinneadh gurb é an trácht ar bhóithre an príomhfhoinse torainn laistigh de limistéar an staidéir, agus ina dhiaidh sin go raibh foinsí áitiúla uirbeacha agus bruachbhailteacha mar mhionchúiseanna leis chomh maith, mar shampla ghluaiseachtaí coisithe agus gníomhaíochtaí tráchtála. Níl aon fhoinsí tonnchrith suntasacha sa timpeallacht máguaird. Gintear leibhéal fíorbheag tráchta den tonnchrith nach mbeadh inbraite ag áititheoirí an fhoirgnimh leis an trácht bóthair ar an ngréasán bóithre atá ann cheana féin.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh Chéim na Tógála, áirítear an ghiniúint torainn agus tonnchrith mar gheall ar atreorú fóntais, an t-athdhromchlú bóithre agus oibreacha forleathnaithe chomh maith leis an athailíniú bóithre. Rinneadh bealaí tráchta tógála a mheas mar chuid den mheasúnú freisin.

Ar feadh fhad na Céime Tógála, cuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm, lena n-áirítear úsáid iomchuí imfhálú nó scáileáin fuaime nuair is gá, chomh maith leis an monatóireacht ar an tonnchrith ag foirgnimh íogaire ar leith arna sainaithint, i gcásanna ina bhféadfadh leibhéal an tonnchrith a bheith ag an teorainn atá incheadaithe, nó níos airde fiú.

Táthar ag súil nach mbeidh aon iarmhairtí suntasacha torainn nó tonnchrith ann mar thoradh ar Chéim Tógála na Scéime Molta tar éis na bearta maolaithe sin a bheith curtha i bhfeidhm.

Baineann na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin le hathruithe ar leibhéil torainn tráchta ar feadh na Scéime Molta mar thoradh ar thrasghearrthacha athchumraithe chun lánaí bus nua nó uasghrádaithe a áireamh agus athruithe tuartha i ngluaiseacht tráchta. Tá an Scéim Mholta ailínithe le cuspóirí beartais chun an neamhchosaint roimh an torainn tráchta do phobail éagsúla ar fud na cathrach a laghdú tríd an iompar poiblí feabhsaithe a bheith ionchorpraithe, agus tríd an líon turas bus, traenach agus rothair a mhéadú. I dtorthaí an mheasúnaithe torainn don Chéim Oibriúcháin, tá dearbhú le feiceáil gur féidir laghdú ar an torann tráchta a bhaint amach ar feadh fhad na Scéime Molta nuair a thabharfar isteach na bearta éagsúla atá áirithe mar chuid den Scéim Mholta, áit a bhfuil na leibhéil torainn tráchta is airde le fáil. Tá na bearta dearaidh éagsúla a bhaineann leis an Scéim Mholta ailínithe leis na bearta idirghabhála éagsúla atá molta i dTreoirlínte um Torann Timpeallachta na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun an neamhchosaint roimh an torainn tráchta ar fud pobail daonna a laghdú. Níl aon tionchair torainn nó tonnchrith iarmharaigh shuntasacha ag baint leis an Scéim Mholta.

8.5 Daonra

Sa mheasúnú daonra, rinneadh na tionchair ar áitribh chónaithe, ar áiseanna pobail agus ar ghnóthais tráchtála laistigh den limistéar staidéir a mheas. Bhí 11 limistéar pobail sa limistéar staidéir daonra: Domhnach Míde, Bán an Aeir, Darndál, Ard Léin, an Chúlóg, Ard Aidhin, Cill Easra, Domhnach Cearna, Marino, Cluain Tarbh (San Antaine) agus Fionnradharc.

Tosaíonn an Scéim Mholta i gceantair phobail Domhnach Míde agus Dharndál, agus téann sí ó dheas ón timpeallacht sin suas Bhóthar Mhullach Íde trí phobal Bhán an Aeir agus pobal na Cúlóige. Ag an tosach, téann an chuid seo de chúrsa na Scéime Mholta trí limistéir atá tionsclaíoch agus tráchtálach den chuid is mó, agus ina diaidh sin téann an cúrsa trí na pobail atá lonnaithe sa Chúlóg, in Ard Léin, in Ard Aidhin agus i nDomhnach Cearna. Ag acomhal Mharglann Marino, tagann cúrsa na Scéime Molta chun deiridh i dtimpeallacht phobal Marino, áit a bhfuil sé beartaithe é a cheangal le Tionscadal Tosaíochta Rothaíochta agus Bus Chluain Tarbh go Lár na Cathrach atá á sheachadadh ag DCC. Tá rotharbhealach malartach molta mar chuid den Scéim atá Beartaithe seo a théann trí Bhóthar Brian agus Bóthar Uí Chairealláin chun rochtain a fháil ar Fhionnradharc.

Áirítear ar na tionchair ar an daonra a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh na Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin:

- Tionchair taitneamhachta indíreacha ar shaoráidí pobail agus ar ghnólachtaí tráchtála ó mheascán de thionchair iarmharacha aeir, torainn, tráchta agus amhairc. Tionchair taitneamhachta díreacha ar ghnólachtaí tráchtála a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an inmharthanacht gnó;
- Talún a fháil, go sealadach agus go buan araon, ó áitribh chónaithe, ó áiseanna pobail agus ó ghnóthais tráchtála a d'fhéadfadh a fhágáil go laghdófaí limistéir ghairdín tosaigh, cabhsán agus spásanna páirceála príobháideacha; agus
- Athruithe ar an inrochtaineacht do shiúlóirí, rothaithe, úsáideoirí bus agus feithiclí príobháideacha ar fad na Scéime Molta agus sa líonra bóithre in aice leis mar thoradh ar thrácht tógála, ar an atreorú slí agus bearta bainistíochta tráchta le linn na Céime Tógála agus trácht ginearálta a atreoraítear le linn na Céime Oibriúcháin.

Ba é tátal an mheasúnaithe nach mbeidh aon tionchar diúltach suntasach ar aon cheantair phobail ó thaobh thaitneamhachta, éadáil talún ná inrochtaineacht le linn Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin na Scéime Molta. Táthar ag súil, áfach, go mbeidh tionchair áitiúla, diúltacha, agus gearrthéarmacha araon, ar an éadáil talún ag 77 de na 80 áitreabh cónaithe atá faoi réir fála chun freastal ar ghníomhaíocht tógála le linn na Céime Tógála agus go mbeidh tionchair dhiúltacha, shuntasacha agus fadtéarmacha ar an fáil talún ag naoi n-áitreabh le linn na Céime Oibriúcháin. Meastar go gcaillfidh ocht ngnóthas spás páirceála phríobháideach éigin.

Táthar ag súil le tionchair ghearrthéarmacha diúltacha idir cinn suntasacha agus cinn measartha ar thaitneamhachtaí le linn na Céime Tógála ar Theach Altranais Theach Nazareth, ar Chúrsa Gailf Chluain Tarbh, agus ar Óstán Hilton Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Anuas air sin, táthar ag súil le tionchair dhearfacha agus fadtéarmacha, idir cinn mheasartha agus cinn shuntasacha, ar siúlóirí, rothaithe agus úsáideoirí bus sna ceantair phobail Darndál, Bán an Aeir, an Chúlóg, Ard Aidhin, Domhnach Cearna agus Marino le linn na Céime Oibriúcháin.

Leis an Scéim Mholta bainfear amach tionchair dhearfacha ó thaobh inrochtaineachta ar shaoráidí pobail agus gnóthais tráchtála do choisithe, rothaithe agus úsáideoirí bus araon le linn na Céime Oibriúcháin. Meastar freisin go rachaidh an Scéim Mholta chun leasa daoine aonair agus gnólachtaí a bhfuil a gcuid oibrithe ina gcónaí ar fad chúrsa na conaire.
Cuideoidh na feabhsuithe seo le haidhmeanna agus cuspóirí na Scéime Molta a bheith bainte amach trí rogha tarraingteach eile a chur ar fáil seachas amháin úsáid feithiclí príobháideacha chomh maith le haistriú módúil a chur chun cinn i dtaobh an siúil, na rothaíochta agus an iompair phoiblí, rud a ligfidh don acmhainneacht feabhsaithe ar fad na conaire chun rochtain a fháil ar ionaid chónaithe, phobail agus tráchtála.

8.6 An tSláinte Daonna

Tá tionchar tábhachtach ag an idirghníomhaíocht idir tosca éagsúla, mar shampla saintréithe aonair, an stíl mhaireachtála agus 'cinntithigh shláinte i gcoitinne' (an timpeallacht fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíoch) ar shláinte an daonra. Tá siad sin léirithe in Íomhá 8.1.

Íomhá 8.1: Cinntithigh Shláinte i gCoitinne

Saincheist ghaolmhar is ea ceist éagothroime sóisialta na sláinte, arb iad na difríochtaí éagóracha agus inseachanta sa stádas sláinte thar ghrúpaí éagsúla sa tsochaí. Ba í aidhm an mheasúnaithe seo ná na cinntithigh ar shláinte i gcoitinne a shainaithint a bhfuil sé dóchúil go mbeadh tionchar ag an Scéim Mholta orthu agus an bhaint atá ag na tionchair sin le torthaí sláinte.

Faoi láthair, tá stádas sláinte foriomlán níos fearr ag muintir Bhaile Átha Cliath, agus rátaí báis níos ísle acu ná mar atá ag muintir na hÉireann ar an meán.

Tagann na leibhéil truaillithe aeir laistigh de Bhaile Átha Cliath laistigh de luachanna teorann an AE maidir le dé-ocsaíd nítrigine agus ábhar cáithníneach de réir mar atá socraithe, beagnach go huile is go hiomlán.

Is cúis le crá é neamhchosaint roimh an torann tráchta agus, nuair atá an leibhéal neamhchosanta an-ard ar fad, tá sé nasctha le go leor torthaí díobhálacha sláinte eile. Tá an neamhchosaint forleathan sa limistéar staidéir ó thaobh leibhéal torainn a sháraíonn na leibhéil atá socraithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun críocha torthaí díobhálacha sláinte a chosc. Ach, mar sin féin, sin iad na leibhéil torainn a bhítear ag súil leo go hiondúil i ngnáth-thimpeallacht uirbeach.

Tá sé dóchúil go maith go mbeadh frustrachas agus crá ann mar thoradh ar an bplódú tráchta méadaithe sealadach, mar gheall ar bhearta bainistíochta tráchta agus atreorú le linn na n-oibreacha tógála, go háirithe i gcás comaitéirí agus daoine a bheadh ag taisteal chun freastal ar choinní. D'fhéadfadh an torann agus an tonnchrith tógála, chomh maith leis an deannach ón tógáil, a bheith ina chúis le crá do roinnt cónaitheoirí agus oibrithe sa cheantar in aice láimhe. Ós rud é gur sealadach agus gur gearrthéarmach na tionchair seo, d'fhágfadh sé nach mbeadh sé dóchúil go mbeadh aon tionchar buan ar an tsláinte.

Seans go mbeadh gá le roinnt oibreacha a dhéanamh i rith na hoíche. Mar gheall air seo, beidh méadú sealadach ar an dóchúlacht go gcuirfear isteach ar chodladh daoine sa cheantar cónaithe in aice láimhe mar thoradh ar thorann a bhaineann leis na hoibreacha tógála. Tá baol ann go gcuirfear isteach ar chodladh daoine i rith an lae mar gheall ar an torann tógála chomh maith, i gcás sealoibrithe. Tá cur síos ar bhearta chun an torann a rialú agus a theorannú sa chuid den NTS seo faoin ainm Torainn agus an Tonnchrith.

D'fhéadfadh sé tarlú go méadófar an baol timpiste mar gheall ar an gá le hatreoruithe do choisithe agus rothair timpeall ar limistéir na n-oibreacha mura ndéantar iad a dhearadh agus a bhainistiú go cuí. Tá rothaithe agus coisithe níos leochailí ó ghortú agus ó bhás má bhuailtear iad agus teastaíonn níos mó cosanta uathu dá bharr. Táthar tar éis an bhainistíocht tráchta a mheas ar mhaithe le bearta chun cosaint a thabhairt do choisithe agus do rothaithe i ngach láthair ar fad na Scéime Molta a leagadh amach. Agus na bearta seo i bhfeidhm, maolófar na rioscaí a bheidh ann. Ó tharla go mbeidh na hoibreacha tógála gearrthéarmach agus sealadach, go bunúsach, níl sé dóchúil go mbeidh aon méadú ar an neamhchosaint roimh riosca do choisithe agus do rothaithe sa bhreis ar na treochtaí sa timpeallacht sráide i mBaile Átha Cliath i gcoitinne faoi láthair mar thoradh ar an Scéim Mholta.

Ní mheastar gur dóchúil é go mbeidh aon tionchair shláinte eile ann ag céim thógála na Scéime Molta.

Cruthófar deiseanna chun gníomhaíocht choirp rialta a thabhairt isteach i saol laethúil an phobail mar gheall ar an Scéim Mholta trí na saoráidí feabhsaithe do choisithe agus do rothair, chomh maith leis an siúlóid chuig stadanna bus, agus ar ais uathu. Tá sé tuartha go mbeidh torthaí dearfacha sláinte mar thoradh air seo toisc go n-athróidh daoine áirithe a n-iompraíocht taistil agus go mbainfidh siad leas as níos mó gníomhaíochta choirp rialta dá bharr.

Mar gheall ar bhearta maolaithe a bheith i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh foinse nua torainn ann do dhaoine a chónaíonn gar do chuid de na stadanna bus nua atá beartaithe. D'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfaidh méadú ar an torainn tráchta ón thrácht atreoraithe ar roinnt taobh-shráideanna agus go gcuirfidh sé sin isteach ar líon beag de na cónaitheoirí. Ach, mar sin féin, i gcás fhormhór na ndaoine, áfach, ní bheidh aon athrú inbhraite ar an torann comhshaoil mar gheal ar an Scéim Mholta.

Tá sé dóchúil go spreagfar níos mó idirghníomhaíochta sóisialta ar fad chúrsa na Scéime Molta mar gheall ar laghduithe ar an trácht ginearálta, chomh maith le bonneagar feabhsaithe do choisithe agus feabhsúcháin ar an sráid-dreach, agus go mbeidh torthaí dearfacha sláinte mar thoradh air sin, dá réir, ar an meabhairshláinte, mar shampla. Táthar ag súil leis go dtabharfar isteach amanna turais níos fearr agus iontaofacht fheabhsaithe do thurais iompair phoiblí mar gheall ar an mbonneagar iompair phoiblí nua, agus go mbeidh torthaí meabhairshláinte níos fearr, mar shampla níos lú struis, chomh maith le rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí sláinte, fostaíochta, oideachais agus fóillíochta.

Tacóidh cuimsiú beart tosaíochta bus agus feabhsúcháin ar bhonneagar coisithe agus rothaithe le rochtain níos sábháilte agus níos cothroime dóibh siúd nach n-úsáideann nó nach féidir leo carr a úsáid. Meastar go mbeidh tionchair dhearfacha aige seo ar shláinte, trí aghaidh a thabhairt ar na deitéarmanaint níos leithne seo agus ar na neamhionannais sláinte. Ina theannta sin, bheadh feabhas curtha leis an timpeallacht uirbeach agus bheadh sé níos éasca teacht a fháil uirthi do réimse níos leithne coisithe, lena n-áirítear daoine lagamhairc, úsáideoirí i gcathaoireacha rothaí agus daoine le lagú soghluaisteachta freisin.

Níor sainaithníodh aon ghuaiseacha sláinte ná torthaí dóchúla sláinte eile a bheith ábhartha do Chéim Oibriúcháin na Scéime Beartaithe.

8.7 An Bhithéagsúlacht

Áiríodh sa mheasúnú bithéagsúlachta (éiceolaíocht) athbhreithniú ar na sonraí foilsithe a bhí ar fáil chun aon ghnéithe de luach éiceolaíoch agus suirbhéanna allamuigh ar ghnáthóga, ialtóga, mamaigh talún, éin, amfaibiaigh (froganna agus dearcanna coitianta) agus reiptílí a aithint.

Ní fhorluíonn an Scéim Beartaithe le haon láithreáin caomhnaithe dúlra a bhfuil tábhacht Eorpach leo (láithreáin Eorpacha). Is iad na suíomhanna Eorpacha is gaire a bhfuil nasc díreach hidreolaíoch acu (nasc le huisce) leis an Scéim atá beartaithe ná Limistéar Caomhnaithe Speisialta (SAC) Bhá Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla (SPA) atá suite timpeall 3km le sruth ón gcrosbhealach beartaithe pointe sruthchúrsa, dá ngairtear Santry_020.

I measc na bpríomhóga is gnách sa Scéim atá Beartaithe tá coillearnach leathanduilleach measctha, fálta sceach, trelínte, scrobarnach, féarach agus foirgnimh agus dromchlaí saorga. Staidéar agus suirbhéanna deisce aitheanta:

- Gan aon speiceas plandaí faoi chosaint, nó speicis ionracha neamhdhúchasacha ar feadh na Scéime Beartaithe;
- Cúig speiceas ialtóg (Leisler, pipistrelle coiteann, Nathusius ’pipistrelle (nár taifeadadh, ach is eol a bheith le fáil sa limistéar staidéir níos leithne), Soprano pipistrelle agus speiceas pipistrelle anaithnid);
- Gnéithe féideartha fara (áiteanna ina luíonn ialtóga) i gceithre shuíomh;
- Gan aon fhianaise ar bhroc;
- Ní bhfuarthas aon chomharthaí dobharchú le linn an tsuirbhé, cé go bhfuil dobharchú i láthair ar chórais Abhainn na Maighne agus Abhainn Sheantraibh;
- Gan aon fhianaise ar amfaibiaigh ná reiptílí; agus
- Iomlán de 93 speiceas éan pórúcháin agus 48 speiceas éan geimhrithe.

Féadfaidh na tionchair fhéideartha ar bhithéagsúlacht don Chéim Tógála teacht as:

- Ullmhú agus imréiteach láithreán;
- Deireadh a chur le teorainneacha, cosáin, colúin soilsithe, stadanna bus agus comharthaíocht atá ann cheana;
- Seirbhísí adhlactha a chosaint agus / nó a atreorú;
- Leathnú bóithre, atógáil cosán, agus feabhsúcháin ar cholbhaí;
- Athchumrú lánaí tráchta ar fud;
- Suiteáil stadanna bus nua agus modhnú acomhal / timpealláin;
- Athshlánú teorainneacha maoine, athsholáthar comharthaíochta; suiteáil colúin soilsithe; agus,
- Tírdhreachú agus plandáil crann, agus éadálacha talún sealadacha a athbhunú.

Cuirfear raon beart maolaithe i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha ar bhithéagsúlacht a sheachaint nó a laghdú le linn na Céime Tógála, lena n-áirítear grúpaí de chrainn a sainaithníodh a bhfuil gnéithe fara féideartha iontu a choinneáil do sciatháin leathair nuair is indéanta, agus crainn sráide nua, fálta sceach agus féarach saibhir speiceas a phlandáil. Cuirfear bainistíocht ionrach speiceas i bhfeidhm chun aon riosca a mhaolú go gcuirfidh an Scéim Beartaithe le leathadh na speiceas ionrach le linn na Céime Tógála.

Ba é tátal an mheasúnaithe, le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe, nach mbeidh an tionchar ar bhithéagsúlacht le linn na tógála suntasach thar an leibhéal áitiúil.

D’fhéadfadh baint a bheith ag tionchair fhéideartha ar bhithéagsúlacht don Chéim Oibriúcháin le láithreacht agus oibriú tráchta ar bhóithre laistigh den Scéim Beartaithe, soilsiú nua a thabhairt isteach i gceantair nach raibh soilsithe roimhe seo, gnáthoibreacha cothabhála agus méadú foriomlán ar dhromchlaí neamh-thréscaoilteacha.

Áireofar ar na bearta atá beartaithe chun tionchair dhiúltacha ar bhithéagsúlacht a sheachaint nó a laghdú le linn na Céime Oibriúcháin:

- Déanfar doirteadh solais iomarcach a íoslaghdú trí dhearadh soilsithe in dhá phríomhionad timpeall ar Pháirc na Bealtaine agus Coill San Dáibhí áit a suiteálfar soilsiú breise i limistéir soilsithe a bhí dorcha / bocht roimhe seo; coimeádfar doirteadh éadrom faoi thrí lux ar na trelínte máguaird;
- Soláthróidh plandáil gnáthóg trelíne, fálta sceach agus féarthailte laistigh den Scéim Beartaithe, mar a leagtar amach sa dearadh, gnáthóga oiriúnacha d'éin phórúcháin agus do ghnáthóg sealgaireachta / comaitéireachta do sciatháin leathair.
- Cuideoidh cur i bhfeidhm beart draenála inbhuanaithe le díghrádú gnáthóige a chosc.

Ba é tátal an mheasúnaithe nach mbeidh aon tionchair shuntasacha ar speicis plandaí neamhchoitianta agus faoi chosaint, mamaigh, amfaibiaigh, reiptílí agus iasc le linn na Céime Oibriúcháin.

Ina theannta sin, déantar tionchair fhéideartha ar shuíomhanna ainmnithe Eorpacha a mheas go sonrach i Ráiteas Tionchair Natura (NIS), atá mar chuid den iarratas seo freisin. Is é tátal an NIS, tar éis na bearta maolaithe forordaithe a chur i bhfeidhm, nach mbeidh aon drochthionchar ag an Scéim Beartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, ar shláine aon láithreán Eorpach i bhfianaise a gcuspóirí caomhnaithe.

8.8 Uisce

Bhí staidéar deascbhunaithe i gceist leis an measúnú uisce chomh maith le suirbhéanna allamuigh chun na dálaí reatha uisce dromchla a bhunú chun tionchair dhóchúla na Scéime Beartaithe a aithint.

Beidh an Scéim Mholta suite laistigh de dhobharcheantar Abhainn na Life atá ar cheantar uirbeach agus tionsclaíoch é den chuid is mó. Is iad na dobharlaigh atá ábharach leis an Scéim Mholta:

- Maighne _010, atá 16.52km ar fad, san iomlán, agus a bhfuil abhantrach de thart ar 20.3km^{2}ag gabháil leis. Is chun críocha talmhaíochta a úsáidtear talamh ó thuaidh den chúrsa uisce agus is chun críocha uirbigh a úsáidtear an talamh ó dheas de, den chuid is mó. Tá sé modhnaithe go mór agus lintéir curtha tríd den chuid is mó;
- Inbhear na Maighne, ar dobharlach traschriosach é. Tá sé ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) (Bá Bhaile Dúil) agus tá sé molta le bheith mar Limistéar Oidreachta Nádúrtha (pNHA);
- Seantrabh_020, a thosaíonn ag Ionad Siopadóireachta an Taobh Thuaidh sa Chúlóg agus a théann trí Ráth Eanaigh sula dtéann sé isteach i dobharlach idirchrioseach Oileán an Bhulla agus SAC Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh; agus
- Inbhear na Tulchann, ar dobharlach idirchrioseach é laistigh de dhobharcheantar 09 na Life agus Cuan Bhaile Átha Cliath agus atá laistigh de na ceantair chosanta i SPA Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus Abhainn na Tulchann, agus i Limistéar Íogaire Cothaitheach Inbhear na Tulchann.

Seo a leanas stádas Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (WFD) Seo a leanas stádas Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (WFD) na ndobharlach, agus a stádas i mBaol (gan a chuspóirí WFD a bhaint amach):

- Maigheann_010: Droch-stádas agus i mBaol;
- Inbhear na Maighne: Stádas neamhshainithe agus i mBaol;
- Oileán an Bhulla: Stádas neamhshainithe agus i mBaol;
- Seantrabh_020: Stádas neamhshainithe agus i mBaol; agus
- Inbhear na Tulchann: Stádas measartha agus i mBaol.

Faoi láthair, sileann an t-uisce dromchla feadh dorchla na Scéime Molta isteach i gcóras uisce dromchla a théann díreach isteach sna dobharlaigh go léir ar fad a chúrsa aduaidh aneas agus a théann isteach, go hindíreach, in Inbhear na Tulchann tríd an Abhainn an Bhaid atá clúdaithe i dtóchar. Baineann an bhrú príomhúil atá ann cheana maidir le cáilíocht uisce le rith chun srutha uirbeach, leis an bhforsceith ón líonra séarachais bhréan (éigeandáil amháin), le brúnna antrapaigineacha anaithnid eile agus le lintéir.

Tá Measúnú Riosca Tuilte déanta go críochnúil le haghaidh na Scéime Mholta, agus rinneadh amach ann go mbeidh an Scéim Mholta in dhá Chrios Tuilte, Crios A agus Crios B, ina bhfuil an riosca tuilte ó aibhneacha agus ón bhfarraige ard agus íseal, faoi seach.

Áiríodh ar na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Tógála tionchair ó rith chun srutha tógála agus suaitheadh ar chúrsa uisce mar gheall ar an atreorú fóntais, an athdhromchlú bóithre agus an athailíniú bóithre.

Le linn chéim na tógála, d'fhéadfadh rith chun srutha an uisce dromchla tionchar a bheith aige ar cháilíocht uisce na gcúig dhobharlach ina mbeadh dríodar mín, doirteadh de thaisme, agus sceitheadh de thaisme ábhair thógála ann trí naisc leis an gcóras uisce dromchla. Tá an fhéidearthacht ann freisin go gcuirfear isteach ar líonraí draenála áitiúla má bhíonn gá ann iad a atreorú ionas go mbeifear in ann oibreacha tógála a dhéanamh.

Tugtar aghaidh ar an mbainistíocht uisce dromchla sa CEMP, ina sonraítear bearta rialaithe agus maolaithe chun aon drochthionchar suntasach ar an timpeallacht uisce dromchla a sheachaint, a chosc nó a laghdú le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe. Ina measc seo, áirítear ceanglas maidir le plean freagartha teagmhas comhshaoil; rialú rith chun srutha an dríodair mhín; an bhainistíocht ar an stóráil ábhar/ breoslaí, bainistíocht ar bhaisc agus úsáid coincréite; agus bainistíocht feithiclí agus gléasra.

Níltear ag súil le tionchair shuntasacha ar aon dobharlach mar thoradh ar Chéim Tógála na Scéime Molta tar éis na bearta maolaithe bheith curtha i bhfeidhm.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin, áirítear na tionchair fhéideartha uisce dromchla a bhaineann le réimsí neamh-thréscaoilteachta agus díláithrithe tráchta. Le linn na Céime Oibriúcháin, mar gheall ar dhearadh na Scéime Molta, beifear in ann a dheimhniú nach mbeidh aon mhéadú glan ar rátaí rith chun srutha uisce dromchla isteach in aon cheann de na dobharlaigh idirnasctha ag baint úsáid as teaglaim de chórais draenála inbhuanaithe i bhfoirm draenacha scagtha agus córais bithchoinneála, a laghdaíonn na rioscaí féideartha don cháilíocht uisce ó ghnáth-ábhar salaithe bóthair freisin. Níl aon mhaolú eile sa bhreis air sin ag teastáil, agus níltear ag súil le tionchair ar aon dobharlach ar bith mar thoradh ar Chéim Oibriúcháin na Scéime Molta..

8.9 An Talamh, Ithreacha, an Gheolaíocht agus an Hidrigeolaíocht

Mar chuid den mheasúnú talún, ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta, rinneadh staidéar deasc ar an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí, imscrúduithe stairiúla ar an talamh agus suirbhé siúil fad chúrsa na scéime.

Cuimsíonn an gheolaíocht (ithreacha agus an charraig) faoi thalamh limistéar staidéir na Scéime Molta an talamh déanta agus an alluvium, go príomhúil, chomh maith leis an till oighreach a dhíorthaítear ó aolchloch a bhfuil carraig aolchloiche thíos faoina bhun. Úsáidtear an talamh laistigh den réigiún le haghaidh forbairtí uirbeacha go príomha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do; forbairtí tionsclaíoch, tráchtála, cónaithe agus áineasa. Nuair a théitear níos faide amach ó Lár na Cathrach, tá ceantair mhuirí, talmhaíochta agus fhoraoisithe sa réigiún freisin.

Aicmítear uiscígh (ina stóráltar/táirgtear an screamhuisce) laistigh de limistéar staidéir na Scéime Molta mar 'Tábhachtach ar Bhonn Áitiúil' (measartha táirgiúil i gcriosanna áitiúla) nó 'Bocht' (neamhtháirgiúil go ginearálta ach amháin i gcás criosanna áitiúla), i dtaca lena chumas chun an t-uisce a tháirgeadh.

Toisc go bhfuil an Scéim Mholta lonnaithe i dtimpeallacht uirbeach, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh roinnt talún éillithe sa limistéar staidéir. Bhí an measúnú ar thalamh éillithe dírithe ar an lorg agus díreach ar gach taobh den Scéim Mholta seachas amháin sa chás go raibh sé dóchúil go mbeadh cosán ann a nascfadh an foinse éillithe féideartha le lorg na Scéime Beartaithe. Tá breac-chuntas agus measúnú déanta ar na foinsí féideartha seo.

Áirítear ar na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn Chéim Tógála na Scéime Molta:

- Barrithir caillte nó damáiste;
- Tochailt talún a d'fhéadfadh a bheith éillithe;
- Cailliúint cúlchistí cairéil nó claiseanna sa todhchaí;
- Codanna d'uiscíoch caillte nó damáiste/éillithe; agus
- Athrú ar shreafaí screamhuisce.

Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar ag aon iarmhairtí iarmharacha tógála ar an talamh ná ar ithreacha, an gheolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht. Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar ag aon iarmhairtí iarmharacha tógála ar an talamh ná ar ithreacha, an gheolaíocht ná ar an hidrigeolaíocht.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibriúcháin, áirítear na tionchair ionchasacha talún, ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta a bhaineann le hathruithe ar an soláthar uisce, chomh maith le truailliú an screamhuisce agus sruthchúrsaí.

Sa Chéim Oibriúcháin, coimeádfaidh an t-údarás áitiúil an bonneagar, agus beidh sé faoi réir a nósanna imeachta bainistíochta chun a chinntiú go ndéanfar na bearta cearta i gcás aon doirteadh de thaisme agus laghdóidh sé seo an fhéidearthacht go mbeidh aon tionchar ann.

Táthar ag tuar nach mbeidh aon iarmhairtí iarmharacha oibríochta ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht.

8.10 An Oidhreacht Seandálaíochta agus Cultúrtha

Áiríodh sa mheasúnú oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha athbhreithniú bunaithe ar dheasc ar dhoiciméid foilsithe agus neamhfhoilsithe, mapáil stairiúil, agus suirbhé allamuigh, agus rinneadh é de réir an chleachtais agus na dtreoirlínte is fearr a bhaineann le hoidhreacht seandálaíochta agus cultúrtha.

Roimh an 20ú haois, bhí an limistéar staidéir mar chuid de na tailte talmhaíochta timpeall ar an gcathair, ina raibh sráidbhailte beaga lonnaithe (mar shampla an Chúlóg), chomh maith le tithe tuaithe agus eastáit. Cé gur tógadh Corrán Marino i 1792, níor cuireadh tús leis an bhforbairt chónaithe sna bruachbhailte i ndáiríre go dtí tosach an 20ú haois, sna ceantair soir agus siar ó Bhóthar Mhullach Íde, chomh fada ó thuaidh le Ascaill Uí Gríofa. Cé go bhfuil lonnaíochtaí suite sa chuid seo de Bhaile Átha Cliath ón tréimhse réamhstairiúil ar aghaidh, is beag suíomh seandálaíochta atá fós ann, agus an chuid is mó díobh scriosta mar gheall ar an gcleachtadh dlúth-talmhaíochta agus ar an bhforbairt a tháinig ina dhiaidh. Tá an dumha ar féidir gur dumha adhlactha réamhstairiúil é atá suite laistigh de thailte mhonarcha Cadbury ag an gCúlóg ar cheann amháin de na láithreáin den sórt sin atá ann.

Tá trí láithreán oidhreachta seandálaíochta ar Thaifead na Séadchomharthaí agus ar Thaifead na nÁiteanna Láithreán agus na Séadchomharthaí, ceann amháin díobh ar Thaifead Oidhreachta Tionscail Chathair Bhaile Átha Cliath, agus láithreán seandálaíochta neamh-ainmnithe amháin, agus tá an fhéidearthacht ann go mbeidh tionchar ag an Scéim Mholta ar gach aon cheann díbh.

D'fhéadfadh na príomhthionchair fhéideartha ar an tseandálaíocht agus ar an oidhreacht chultúrtha mar thoradh ar oibreacha tógála tarlú mar gheall ar:

- Oibreacha tógála, deisiúcháin agus atógála ar chosáin;
- Oibreacha Athdromchlaithe Bóithre;
- Obair tochailte sa talamh le haghaidh dúshraitheanna struchtúir nua;
- Aon tochailtí ithreach a bheadh déanta, lena n-áirítear oibreacha tírdhreachaithe; agus
- Aon suaitheadh a ndéanfar don talamh le haghaidh oibreacha fóntais.

Tá an fhéidearthacht ann go bhfuiltear chun gnéithe seandálaíochta, nó ábhair agus taiscí seandálaíochta nach eol dúinn fúthu go dtí seo a aimsiú ar fad na Scéime Molta.

I measc na mbeart maolaithe a mholtar chun tionchair dhiúltacha ar an oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha a sheachaint nó a laghdú le linn na Céime Tógála, tá soláthar agus maoiniú do na hoibreacha monatóireachta, cigireachta agus tochailte seandálaíochta is gá a bheidh riachtanach roimh don tógáil a bheith déanta, agus lena linn sin freisin.

Ní bheidh aon tionchair ón gCéime Oibriúcháin mar thoradh ar an Scéim atá Beartaithe agus ní gá aon mhaolú a dhéanamh.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe, meastar nach mbeidh aon iarmhairtí iarmharacha ar oidhreacht seandálaíochta agus cultúrtha.

8.11 Oidhreacht Ailtireachta

Áiríodh sa mheasúnú oidhreachta ailtireachta staidéar bunaithe ar dheasc lena n-áirítear athbhreithniú ar gach doiciméad ábhartha agus foilsithe agus neamhfhoilsithe, agus suirbhéanna allamuigh, a rinneadh chun suíomhanna oidhreachta ailtireachta aitheanta a aithint, agus chun aon ghnéithe nár taifeadadh roimhe seo a aithint.

Bhí go leor den limistéar staidéir in úsáid talmhaíochta oscailte go dtí lár an fhichiú haois. I measc na lonnaíochtaí luatha bhí an Chúlóg, Ard Aidhin agus Domhnach Cearna, agus bhí siad ina gcéad chéimeanna, arb iad is sainairíonna sraitheanna néata teachíní, a maireann cuid acu, ag tabhairt aghaidh go díreach ar Bhóthar Mhullach Íde. Ní dhearnadh aon leathnú suntasach ar na sráidbhailte seo go dtí c. 1950 agus ina dhiaidh sin thosaigh siad ag forbairt mar chuid de bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath.

Bhí baint ag na tírdhreacha diméine is suntasaí san ochtú haois déag le Teach Marino agus Caisleán Ard Aidhin. Scartáladh an dá theach, agus a dtailte faoi réir úsáidí cónaithe, tionsclaíocha, institiúideacha agus miondíola bruachbhailte, cé go maireann roinnt gnéithe dá dtírdhreacha stairiúla, an ceann is tábhachtaí ná an Casino Marino, teampall gairdín atá suite anois i gcuid den sean diméin atá ainmnithe mar Séadchomhartha Náisiúnta agus Struchtúr Cosanta agus atá i Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta.

I measc na ngnéithe oidhreachta tionsclaíche feadh an bhealaigh tá trí chloch mhíle agus dhá dhroichead. Tógadh fo-stáisiún luath BSL ag acomhal Bhóthar Mhullach Íde agus Trá Fionnradharc c. 1895 chun leictriú na seirbhíse tram ar Bhóthar Mhullach Íde a éascú. Tá ocht bhfoirgneamh nó láithreán eile atá san áireamh san Fardal Náisiúnta Oidhreachta Ailtireachta (NIAH).

Tá ceithre Struchtúr Cosanta nó grúpa Struchtúr Cosanta i limistéar staidéir na Scéime Beartaithe, an ceann is suntasaí díobh ná an Casino Marino, Séadchomhartha Náisiúnta agus Struchtúr Cosanta a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta ag baint leis. Tá siad suite i gcuid ghearr den limistéar staidéir idir Ascaill Uí Ghríofa agus Trá Fionnradharc. Tá an t-iar-Marino Demesne cosanta laistigh de Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta. Is í an ghné oidhreachta ailtireachta is suntasaí a sainaithníodh i limistéar an staidéir, agus aithnítear an Casino Marino mar fhoirgneamh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis. I measc na dtroscán sráide suntasach bhí trí mharcóir cloch mhíle, iad go léir i riocht maith, ceithre bhosca poist philéar agus cuailleáin i mbruachbhaile Marino agus Trá Fhionnradhairc.

Áireofar ar na príomhthionchair fhéideartha ar oidhreacht ailtireachta le linn na Céime Tógála:

- Tionchair dhíreacha ar theorainneacha (ballaí, ráillí srl.) Agus geataí iontrála struchtúir chosanta agus gnéithe oidhreachta ailtireachta eile ina bhfuil gá le leathnú bóithre;
- Tionchair dhíreacha ar throscán sráide (i.e., cuaillí lampa, boscaí poist srl.) Mar gheall ar éadáil talún, oibreacha tógála ar chosáin, athruithe ar leagan amach cosán agus oibreacha tírdhreachaithe;
- Tionchair indíreacha mar thoradh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí damáiste do struchtúir íogaire i gceantair ina dtagann na hoibreacha tógála don Scéim Mholta i ndlúth-thadhall leis na struchtúir seo;
- Tionchair indíreacha mar thoradh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí damáiste do struchtúir chosanta mar gheall ar chreathadh méadaithe ó fheithiclí tógála; agus
- Tionchair amhairc ar leagan amach struchtúir nó foirgneamh cosanta nó struchtúir a bhfuil spéis oidhreachta ailtireachta iontu, sráid-dreacha stairiúla agus radhairc a rachaidh i bhfeidhm go sealadach ar a suíomh le linn na Céime Tógála.

I measc na mbeart atá beartaithe chun tionchair dhiúltacha ar oidhreacht ailtireachta a sheachaint nó a laghdú le linn na Céime Tógála tá:

- Teorainneacha agus troscán sráide a thaifeadadh, a chosaint, a bhaint, a stóráil agus a athshuíomh go cuí; agus
- Crainn a choinneáil nó a athsholáthar feadh na Scéime Beartaithe.

Is iad na príomhthionchair fhéideartha ar oidhreacht ailtireachta le linn na Céime Oibriúcháin:

- Tionchair a bhaineann le hathruithe amhairc ar acmhainní oidhreachta ailtireachta (lena n-áirítear ó na láithreacha beartaithe scáthláin bus), chomh maith le tionchair ar shocrú na n-acmhainní seo mar gheall ar athruithe tráchta. De ghnáth beidh tionchar dearfach ag pábháil nua, plandáil crann nua agus tírdhreachú ar an timpeallacht stairiúil agus ar charachtar na sráideanna feadh na Scéime Beartaithe; agus
- Tionchair nuair a éilíonn an Scéim Beartaithe athruithe fisiciúla ar ghnéithe oidhreachta nó iad a athshuíomh.

Tá súil le tionchar iarmharach measartha, diúltach agus buan ar oidhreacht ailtireachta in aon áit amháin, mar thoradh ar an Scéim Beartaithe. Seo an áit a mbeidh tionchar ag leathnú bóithre ar theorainneacha Alpha Cottages ag 20 agus 22 Bóthar Mhullach Íde. Ní dhéantar na teachíní a chosaint ná a áireamh in aon fhardail atá ann, ach mar sin féin is díol spéise ailtireachta agus ealaíne iad.

8.12 Tírdhreach (Tírdhreach) agus Amharc

Áiríodh sa tírdhreach (bailedhreach) agus measúnú amhairc athbhreithniú deisce ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil lena n-áirítear aerfótagrafaíocht agus mapáil na Scéime Beartaithe. Rinneadh siúlóidí bealaigh chun torthaí deisce a fhíorú agus áiríodh leis seo suirbhéanna allamuigh ar réimsí ar leith agus ullmhú fótamontáis.

Ar feadh an chuid den Scéim Beartaithe a chuimsíonn Bóthar dé-charrbhealaigh Mhullach Íde, ó Ascaill Abhainn na Maighne go Bóthar Gort an Ghrásaigh, is é an úsáid baile agus an fhorbairt siopadóireachta is mó atá sa bhailedhreach chomh maith le ceapacha talún neamhfhorbartha. Tá struchtúr cosanta i bhfoirm cloch mhíle eibhir ag Lána Belcamp. Tá roinnt spáis phoiblí os comhair Óstán Hilton ach níl spás taitneamhachta ná gnéithe suntasacha tírdhreacha eile ann. Tá crainn sráide curtha le déanaí le go leor den cheantar.

Sa chuid den Scéim Beartaithe ar Bhóthar Mhullach Íde débhealach, ó Lána Belcamp go Bóthar Gort an Ghrásaigh, is forbairt chónaithe dhá stór go príomha é an bailedhreach máguaird, le roinnt stráicí d'fhorbairt ghnó agus tráchtála, go háirithe an tsaoráid seanbhunaithe Cadbury san áireamh. Tá struchtúr cosanta ag saoráid Cadbury (móta) agus spásanna taitneamhachta ag Conair Abhainn Seantrabh, CLG O'Toole agus in aice le Páirc na bhFearbán. Is gné thábhachtach iad crainn ar go leor codanna den dorchla bóthair, lena n-áirítear laistigh den airmheán lárnach, ar imeall bóithre agus timpealláin, agus laistigh de spásanna oscailte agus airíonna cois bóthair.

Is gnách go mbíonn tithíocht leath-scoite dhá stór le gairdíní aibí seanbhunaithe sa chuid den Scéim Beartaithe ar Bhóthar Mhullach Íde aonbhealach, idir Bóthar Gort an Ghrásaigh agus Bóthar Chluain Tarbh. Tá trasdul chuig áitribh tarraingteach sraithe ó dheas ó Chúrsa Gailf Chluain Tarbh agus go dtí Marino áit a bhfuil Corrán Marino ina ghné ailtireachta buailte. Is gné trí Ard Aidhin iad ardáin taobh sráide de réadmhaoine aon urláir, agus tá roinnt forbairtí nua-aimseartha i láthair freisin. Is sainchomhartha mór é Eaglais Dhomhnach Cearna, agus is maoin oidhreachta a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta léi an Marino Casino atá suite siar ón Scéim Beartaithe. Tá spásanna taitneamhachta ag Páirc Naomh David, Páirc Ghleanntán na Sceiche agus Páirc na Bealtaine, an Casino Marino, Páirc Corrán Marino agus Páirc Fionnradharc. Is gné shuntasach í plandáil crann lánfhásta feadh theorainn na spásanna oscailte, agus airíonna eile feadh an bhealaigh.

Áireofar ar na príomhthionchar féideartha tírdhreacha (bailedhreach) agus amhairc le linn na Céime Tógála:

- Slógadh agus bunú láithreán, fálú agus clárlach an Chomhdhúile Tógála agus na limistéar oibreacha - lena n-áirítear laistigh de limistéir / gairdíní príobháideacha;
- Scartáil láithreán, lena n-áirítear teorainneacha, colbhaí, imeall, dromchlaí, limistéir tírdhreacha, crainn agus plandálacha a bhaint - lena n-áirítear fálta teorann, ballaí agus plandáil laistigh de limistéir / gairdíní príobháideacha;
- Gníomhaíocht láithreáin agus suaitheadh amhairc ó oibreacha tógála ginearálta agus oibriú innealra tógála laistigh den láithreán agus ag an gComhdhúile Tógála;
- Oibreacha tógála lena mbaineann atreorú seirbhísí agus fóntais faoi thalamh / os cionn talún, seirbhísí agus fóntais nua a sholáthar, gnéithe draenála agus naisc, srl.;
- Gníomhaíocht láithreáin agus oibreacha tógála a bhfuil baint acu le carrbhealaí nua, kerbings, cosáin agus rotharbhealaí, stadanna bus agus comharthaíocht, teorainneacha a athbhunú / teorainneacha nua a sholáthar agus oibreacha athshuímh tírdhreacha / soláthar tírdhreacha nua, srl.; agus
- Limistéir oibre agus an Comhdhúil Tógála a dhíchoimisiúnú.

Éileoidh tógáil na Scéime Bearthaithe éadáil talún (sealadach agus / nó buan) ó roinnt réadmhaoine cónaithe. Tógfar fálú / clárlach sealadach agus coimeádfar rochtain ar mhaoin do na húinéirí / áititheoirí don úinéir talún a mhéid is indéanta. Éileoidh na hoibreacha ballaí teorann, ráillí, geataí bealaí isteach ar thaobh an bhóthair a bhaint agus a athshuíomh, mar aon le ceantair ina bhfuil plandáil gairdín, bealaí isteach gairdíní agus gnéithe gairdín atá ann cheana.

Cuirfear bearta iomchuí i bhfeidhm chun tírdhreach diúltach (tírdhreach) agus tionchair amhairc le linn na Céime Tógála a sheachaint nó a laghdú, lena n-áirítear a chinntiú go gcosnófar crainn agus fásra atá le coinneáil laistigh den limistéar oibreacha agus tadhlach leis. Leanfaidh na hoibreacha a theastaíonn laistigh de limistéar cosanta fréimhe (RPA) na gcrann le coinneáil modheolaíocht foraoiseachta atá sainiúil don tionscadal le haghaidh oibreacha den sórt sin.

Cé go bhfuil an maolú don Chéim Tógála dírithe ar aon ghnéithe tírdhreacha atá le coinneáil a chosaint agus an oiread agus is féidir de scagthástáil amhairc a sholáthar ó oibreacha tógála, ní bheidh sé indéanta nó praiticiúil maolú a dhéanamh ar thionchair ar thírdhreach (bailedhreach) agus ar shaintréithe amhairc a thig dá bharr ó chrainn aibí a bhaint chun an tógáil a éascú.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe, táthar ag súil go mbeidh tionchar sealadach / gearrthéarmach measartha diúltach ar an gCéim Tógála ar an gcuid de Lána Belcamp go Bóthar Gort an Ghrásaigh, agus tionchar suntasach diúltach ón gCéim Tógála ar an gcuid de Bhóthar Gort an Ghrásaigh go Bóthar Chluain Tarbh mar gheall ar athruithe ar an mbailedhreach. Beidh tionchair dhiúltacha suntasacha shealadacha / ghearrthéarmacha ar struchtúir chosanta, Uimhreacha 62 agus 64 Bóthar Mhullach Íde, agus ar spásanna oscailte ag Coill San Dáibhí agus ag Páirc na Bealtaine. Sa chás go bhfaightear talamh ó áitribh chónaithe le gairdíní beidh tionchar diúltach sealadach / gearrthéarmach an-suntasach ann, agus i gcás áitribh chónaithe inar athraíodh gairdíní go páirceáil beidh tionchar diúltach suntasach sealadach / gearrthéarmach ann, a thiocfaidh as talamh éadáil, suaitheadh amhairc, agus athruithe ar theorainneacha, plandáil agus leagan amach.

Áireofar ar na príomhthionchair fhéideartha tírdhreacha (bailedhreach) agus amhairc le linn na Céime Oibriúcháin:

- Athruithe ar chonair an bhóthair / na sráide atá ann;
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta, coisithe agus rothair;
- Modhnú ar cheantair réadmhaoine / gairdíní / teorainneacha príobháideacha; agus
- Coigeartuithe ar réimsí / teorainneacha eile.

Cé go mbeidh athruithe sa dorchla bóthair agus athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta, coisithe agus rothair ina ngnéithe den Scéim Beartaithe, ní mheastar go mbeidh éifeachtaí suntasacha tírdhreacha, bailedhreacha nó amhairc mar thoradh ar na gnéithe seo. Is gné choitianta agus rialta de bhainistíocht ghníomhach bóithre agus tráchta ar bhóithre agus ar shráideanna uirbeacha athruithe i gconairí bóthair, lena n-áirítear comharthaíocht tráchta, comharthaíocht, agus leithdháileadh carrbhealaigh agus gluaiseachtaí tráchta. Dá bhrí sin, féadfar gnéithe den sórt sin a mheas mar chuid dhinimiciúil den timpeallacht sráid-dreach glactha.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar measartha / suntasach agus fadtéarmach diúltach ag an gCéime Oibriúcháin ar áitribh chónaithe a bhfuil gairdíní aibí acu óna bhfaighfear talamh.

Beidh tionchair mheasartha dhiúltacha ar an gcuid de Bhóthar Gort an Ghrásaigh go Bóthar Chluain Tarbh de Bhóthar Mhullach Íde, struchtúir chosanta ag Uimhreacha 62 agus 64 Bóthar Mhullach Íde, ar Páirc na Bealtaine (Páirc Dhomhnach Cearna), agus ar an oileán i mBóthar Mhullach Íde / Bóthar Chluain Tarbh / Acomhal Marglann Marino. Beidh tionchair iarmharacha fadtéarmacha measartha ar Bhóthar Mhullach Íde / Bóthar Ard Léin/ Acomhal Bhóthar Gort an Ghrásaigh, spás oscailte in aice le Páirc na bhFearbán, spás oscailte ag Sruthán na Giúise agus Coill San Dáibhí, agus go ginearálta ar chrainn agus ar fhásra.

8.13 Dramhaíl agus Acmhainní

Áiríodh sa mheasúnú dramhaíola agus acmhainní seo na cineálacha dramhaíola a d'fhéadfadh an Scéim Bearthaithe a ghiniúint a aithint, chomh maith leis an bhféidearthacht ábhair a athúsáid. Áiríodh sa mheasúnú athbhreithniú bunaithe ar dheasc ar bheartas agus reachtaíocht ábhartha, agus sonraí ar ghiniúint dramhaíola agus bainistíocht dramhaíola agus acmhainní.

Ionchorpraíodh prionsabail bhainistíochta dramhaíola agus acmhainní inbhuanaithe i ndearadh na Scéime Beartaithe agus cuirfear na prionsabail seo i bhfeidhm de réir na Múnla Geilleagair Chiorclaigh (féach Íomhá 8.2) ar fud na gCéimeanna Tógála agus Oibriúcháin. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar giniúint dramhaíola a íoslaghdú.

Íomhá 8.2: An tSamhail um Gheilleagar Ciorclach

In Éirinn, taifeadann na sonraí foilsithe is déanaí atá ar fáil gur gineadh 8.8 milliún tonna de dhramhaíl tógála agus scartála in 2019. B'ionann sin agus méadú 2.6 milliún tonna ó 2018. As an dramhaíl seo, bhí ithir agus clocha comhdhéanta de 7.5 milliún tonna agus is iad sin 85% den sruth dramhaíola tógála agus scartála reatha.

In Éirinn, tá dramhaíl chathrach (i.e., gnáthchineálacha dramhaíola tí) comhdhéanta de dhramhaíl tí chomh maith le dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile atá, mar gheall ar a cineál, cosúil le dramhaíl tí. De réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, ghin Éire 3.1 milliún tonna de dhramhaíl chathrach agus athchúrsáil 37% den dramhaíl seo in 2019.

Áireofar ar na príomhghnéithe tógála ar dóigh dóibh tionchair fhéideartha ar dhramhaíl agus ar acmhainní:

- Tógáil agus atógáil rotharbhealaí, cosáin, leathnú bóithre agus feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí;
- Deireadh a chur le crainn, colbhaí coincréite, ballaí, fálta agus geataí;
- Ballaí coinneála beaga a bhaint;
- Timpealláin a bhaint agus modhnú ar acomhail comharthaithe;
- Troscán sráide nua, lena n-áirítear soilse tráchta agus stadanna bus, agus oibreacha tírdhreachaithe;
- Ballaí teorann, fálta agus geataí de réir mar is gá;
- Mion-atreorú fóntais agus / nó cosaintí de réir mar is gá; agus
- Tochailt cosán agus carrbhealaí.

Cuirfear raon beart maolaithe i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha ar dhramhaíl agus ar acmhainní a sheachaint nó a laghdú le linn na Céime Tógála, lena n-áirítear diúscairt dramhaíola a íoslaghdú, a mhéid is indéanta le réasún. Lorgófar deiseanna chun ábhair, seachtháirgí agus dramhaíl a athúsáid le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe. Déanfar é seo a bhainistiú tríd an gCéim Tógála trí Phlean Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola Tógála agus Scartála a chur i bhfeidhm.

Is ionann an 1,600 tonna de dhramhaíl scartála a ghinfear mar thoradh ar an Scéim Beartaithe agus 0.02% den bhunlíne bainistíochta dramhaíola tógála agus scartála i Réigiún Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre. Tá tionchar tuartha na Dramhaíola Scartála le linn Chéim na Tógála díobhálach, ní suntasach, agus gearrthéarmach. Is é an réamhaisnéis iomlán ar ábhar tochailte barrachais ón Scéim atá Beartaithe ná thart ar 75,000 tonna. agus is ionann é agus 0.76% den bhunlíne bainistíochta dramhaíola tógála agus scartála do Réigiún Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre. Tá an fhéidearthacht ann comhiomláin athúsáidte a ionchorprú sa Scéim Bearthaithe, agus déanfar é seo nuair is indéanta. Ina theannta sin, nuair is indéanta, athúsáidfear an t-ábhar atá fágtha. Tá tionchar tuartha na dramhaíola tochailte le linn na Céime Tógála díobhálach, beag agus gearrthéarmach.

Is iad na príomhthionchair fhéideartha ar dhramhaíl agus ar acmhainní le linn na Céime Oibriúcháin ná dramhaíl a ghintear ó ghníomhaíochtaí cothabhála bóithre tar éis an Chéim Tógála a bheith críochnaithe. Tabharfar faoi oibríochtaí cothabhála faoi dhlínse an údaráis áitiúil agus de réir a bpleananna bainistíochta dramhaíola. Ní mheastar go bhfuil aon bhearta maolaithe nó monatóireachta breise riachtanach. Laghdóidh cainníocht biotúman ina bhfuil ábhar a ghintear, le linn na Céime Oibriúcháin, thar shaolré glactha na Scéime Beartaithe (a mheastar a bheith 60 bliain), thart ar 6,000 tonna. Beidh tionchar tuartha na dramhaíola oibríochta tógála agus scartála dearfach, ní suntasach, agus fadtéarmach.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe, táthar ag súil nach mbeidh aon iarmhairtí suntasacha iarmharacha ar dhramhaíl agus ar acmhainní.

8.14 Sócmhainní Ábhair

Breithníodh an measúnú sócmhainní ábhartha i dtéarmaí:

- Fóntais mhóra (faoi thalamh agus os cionn talún) amhail gás, píblínte uisce (píblínte uisce óil agus séaraigh) agus líonraí uisce stoirme, línte tarchuir leictreachais agus línte teileachumarsáide;
- Bonneagar iompair de dhéantús an duine mar bhóithre, iarnród agus canálacha; agus
- Amhábhair is gá a allmhairiú don Scéim atá Beartaithe.

Áiríodh sa mheasúnú seo athbhreithniú bunaithe ar dheasc ar na sócmhainní ábhartha seo. Iarradh faisnéis áirgiúlachta ó eagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse ábhartha.

I measc na sócmhainní ábhartha atá ann cheana ar shuíomh na Scéime Bearthaithe tá:

- Línte leictreachais an Bhoird Soláthair Leictreachais (voltas ard, meánach agus ísealvoltais) agus bonneagar gaolmhar;
- Príomhlíonra gáis Gas Networks Ireland (brú ard, meánach agus íseal) agus bonneagar gaolmhar;
- Príomhphíopaí uisce óil Uisce Éireann agus an bonneagar gaolmhar;
- Línte séarachais Uisce Éireann (séaraigh bhréan agus chomhcheangailte) agus an bonneagar gaolmhar;
- Líonra draenála uisce dromchla údaráis áitiúil agus an bonneagar gaolmhar;
- Bonneagar iompair de dhéantús an duine;
- Línte teileachumarsáide Eir, Enet agus Virgin Media agus an bonneagar gaolmhar;
- Duchtáil comhartha tráchta an Údaráis Áitiúil; agus
- An Phíblíne Breosla Eitlíochta idir Port Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Bhaile Átha Cliath (glactar leis go raibh sí i bhfeidhm tráth thógála na Scéime Beartaithe).

Laistigh de shuíomh na Scéim Bearthaithe, allmhairítear ábhar faoi láthair mar chuid de ghníomhaíochtaí cothabhála rialta a dhéantar ar na bóithre, na lánaí rothar, na cosáin, na fóntais agus na ciumhaiseanna atá ann cheana.

Áireofar ar na príomhghnéithe tógála ar dóigh dóibh tionchair fhéideartha ar shócmhainní ábhartha:

- Éileoidh an Comhdhúil Tógála leictreachas chun saoráidí oifige agus leasa sealadacha a chumhachtú agus chun soilsiú sealadach a cheanglófar a sholáthar trí nasc leis an líonra eangaí nó le gineadóir;
- Éileoidh an Comhdhúil Tógála soláthar uisce d'áiseanna leasa agus do spraeáil chun deannach a chosc;
- Éileoidh an Comhdhúil Tógála rochtain teileachumarsáide;
- Atreorú línte leictreachais i gceantair áit a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe;
- Atreorú príomhlíonra uisce faoi thalamh áit a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe;
- Uasghrádú a dhéanamh ar na hoibreacha a theastaíonn don líonra draenála uisce dromchla chun freastal ar leagan amach nua bóithre agus ar ardú crua;
- Oibreacha atreoraithe an bhonneagair gháis áit a mbeidh comhéadain ann le hoibreacha na Scéime Beartaithe;
- Atreorú an bhonneagair teileachumarsáide áit a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe;
- Allmhairiú ábhar tógála lena n-áirítear coincréit, miotail, stroighin, ábhair dhromchla bóthair agus ábhair tírdhreachaithe. Léireoidh méid na n-ábhar a theastaíonn don Scéim Bearthaithe níos lú ná aon faoin gcéad de na cainníochtaí Éireannacha a mhonaraítear in aghaidh na bliana.

Dearadh an Scéim Bearthaithe chun an tionchar ar bhonneagar fóntais a íoslaghdú. Áirítear leis seo idirghníomhú le mór-bhonneagar fóntais a sheachaint, nuair is féidir. Sa chás go bhfuil comhéadain ann leis an mbonneagar fóntais atá ann, déanfar iad seo a chosaint i bhfeidhm nó a atreorú de réir mar is gá chun cur isteach fadtéarmach

ar sheirbhísí a chosc. Tugadh cuntas ar atreorú agus athruithe ar shuíomh nó leagan amach aon bhonneagair fóntais i ndearadh foriomlán na Scéime Beartaithe.

Glacfar gach réamhchúram is féidir chun cur isteach neamhphleanáilte ar aon seirbhísí a sheachaint le linn na Céime Tógála. Bainfear é seo amach trí imscrúdú iomchuí críochnúil chun suíomh beacht an bhonneagair fóntais go léir laistigh de na limistéir oibre a aithint sula dtosaítear ar an tógáil. Rinneadh comhairliúchán leis na cuideachtaí móra fóntais, agus leanfaidh an conraitheoir ceaptha ag dul i gcomhairle leis na cuideachtaí seo, i gcomhar leis an gCliant agus aon atreorú á dhearadh. Sa chás go dteastaíonn atreorú agus nuair nach féidir cur isteach ar na réadmhaoine máguaird a sheachaint, déanfar é seo a phleanáil agus tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí réadmhaoine a mbeidh tionchar orthu.

Dearadh an Scéim Bearthaithe freisin chun an méid oibreacha tógála móra a theastaíonn a íoslaghdú. Agus ábhair don Scéim Bearthaithe á bhfoinsiú, breithneoidh an conraitheoir ceaptha inbhuanaitheacht na n-ábhar go cúramach. I measc na ngnéithe a bhreithneofar beidh an fhoinse, an tsonraíocht ábhair, na costais táirgthe agus iompair, agus infhaighteacht an ábhair. Déanfar ábhair thógála a bhainistiú ar an láthair go cuí chun ró-ordú agus dramhaíl a chosc.

Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe ní bheidh aon iarmhairtí iarmharacha suntasacha ar shócmhainní ábhartha mar thoradh ar thógáil na Scéime Beartaithe.

Áireofar ar na príomhghnéithe oibríochta ar dóigh go mbeidh tionchair ionchasacha acu ar shócmhainní ábhartha:

- An riachtanas maidir le naisc leictreachais le haghaidh soilsiú nua, faisnéis faoi stadanna bus agus comharthaíocht acomhal; agus
- An riachtanas maidir le naisc teileachumarsáide ag stadanna bus ina bhfuil faisnéis fhíor-ama do phaisinéirí, chun ligean do na busanna agus don fhaisnéis fíor-ama sioncronú lena chéile.

Ní bheidh aon tionchair shuntasacha ag an gCéim Oibriúcháin ar bhonneagar fóntais. Mar gheall ar na bearta atá san áireamh i ndearadh na Scéime Bearthaithe agus toisc nach bhfuil ach tionchair íosta tuartha le linn na Céime Oibriúcháin, ní theastaíonn aon bhearta maolaithe ar leith.

8.15 Riosca Mórthimpistí agus / nó Tubaistí

Bhreithnigh an measúnú seo na héifeachtaí díobhálacha suntasacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim Bearthaithe ar an gcomhshaol, mar thoradh ar a leochaileacht i leith priacal timpistí móra agus / nó tubaistí le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibriúcháin.

An measúnú riosca:

- Timpistí móra agus / nó tubaistí aitheanta (i.e., teagmhais neamhphleanáilte) a bhféadfadh an Scéim Beartaithe a bheith i mbaol dóibh; agus
- Measadh na tionchair agus an iarmhairt dhóchúil a bheadh ag eachtraí den sórt sin maidir leis na gabhdóirí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhféadfadh tionchar a bheith orthu.

Forbraíodh clár de gach riosca féideartha agus na tionchair fhéideartha a ghabhann leis le haghaidh Céimeanna Tógála agus Oibriúcháin na Scéime Beartaithe. Ghlac an clár seo leis an gcás is measa, sula gcuirfí aon bhearta maolaithe nó pleananna éigeandála i bhfeidhm chun dóchúlacht agus tionchar féideartha aon mhórthionóiscí agus / nó tubaistí a laghdú.

Déantar rioscaí a rátáil tríd an rátáil dóchúlachta a iolrú (an dóchúlacht go dtarlóidh riosca atá an-nídóchúil go dtí an-dóchúil) leis an rátáil iarmharta (leibhéal na n-iarmhairtí má tharla mórthionóisc agus / nó tubaiste, a bhí idir bheag agus thubaisteach). Tugann sé seo scór riosca íseal, meánach nó ard. Ní chomhlíonann scóir riosca íseal an sainmhíniú ar mhórthionóisc agus / nó tubaiste agus mheasfaí go mbeadh scóir ardriosca agus do-ghlactha d'fhorbairt na Scéime Beartaithe agus bheadh gá iad a dhearadh amach. Theastódh leibhéal maolaithe le scóir riosca meánach a laghdódh an leibhéal tionchair.

Maidir le Céim na Tógála, bhí roinnt rioscaí ann a measadh a bheith íseal agus nár breithníodh tuilleadh. Níor sainaithníodh aon rioscaí arda, agus aithníodh na rioscaí meánleibhéil seo a leanas don Chéim Tógála:

- Riosca pléascadh gáis mar gheall ar phríomhlíonra gáis faoi thalamh a bhualadh le linn oibreacha tochailte;
- Riosca truaillithe a tharlaíonn do chúrsa uisce nó screamhuisce, go háirithe bainteach le scaoileadh dríodair mhín le linn oibreacha tógála;
- Riosca scaipeadh speiceas ionrach neamhdhúchasach le linn oibreacha tógála, go háirithe le linn imréiteach láithreáin; agus
- Riosca pléascadh / tine mar gheall ar phíblíne breosla eitlíochta a bhualadh.

Forbraíodh dearadh na Scéime Bearthaithe de réir an chleachtais agus na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr agus comhlíonann sé na caighdeáin dearaidh ábhartha lena n-áirítear bearta chun an dóchúlacht go dtarlóidh imeachtaí riosca a laghdú. Leanfaidh an conraitheoir / na conraitheoirí ceaptha de dhearadh deiridh na Scéime Beartaithe a fhorbairt de réir an chleachtais agus na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr de réir mar is gá de réir Riachtanais an Fhostóra sa chonradh tógála.

Déanfar gach iarracht a chinntiú go ndéanfar tionchair chomhshaoil le linn na tógála a mhaolú nó a laghdú, nuair is féidir, mar a leagtar amach sa CEMP. Chomh luath agus a chuirtear na bearta maolaithe seo i bhfeidhm, níl aon eachtraí sainaitheanta nó teagmhais mhóra timpistí agus / nó tubaistí ann a chruthaíonn leibhéal riosca a mbeadh tionchair shuntasacha nó éifeachtaí comhshaoil mar thoradh air.

Níor sainaithníodh aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh tarlú le linn na Céime Oibriúcháin.

8.16 Tionchair Charnacha agus Idirghníomhaíochtaí Comhshaoil

Déanann an measúnú seo breithniú ar na tionchair charnacha féideartha agus idirghníomhaíochtaí iarmharta mar thoradh ar thionchair fhéideartha ó scéimeanna eile i dteannta le tionchair réamh-mheasta na Scéime Beartaithe, agus idirghníomhaíochtaí idir gnéithe comhshaoil. Áiríodh sa mheasúnú breithniú ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag Scéimeanna Conair Crói-Bhus BusConnects eile chomh maith le tionscadail eile.

De ghnáth tugtar aghaidh ar idirghníomhaíochtaí tionchair idir gnéithe comhshaoil mar chuid de na measúnuithe ábhair aonair, mar shampla bhí san áireamh sa mheasúnú Daonra éifeachtaí ar thaitneamhacht an phobail, a bhaineann le hidirghníomhaíocht tionchair ar cháilíocht an aeir, taitneamhacht amhairc, trácht agus iompar, agus torann agus tonnchrith.

Breithníodh na foinsí seo a leanas agus forbairtí ábhartha eile á n-aithint chun tionchair charnacha a mheas:

- Suíomh gréasáin ón mBord Pleanála - chun sonraí a fháil faoi fhorbairtí bonneagair straitéiseacha agus forbairtí straitéiseacha tithíochta;
- Suíomhanna Gréasáin údaráis áitiúla agus na pleananna forbartha - le haghaidh sonraí faoi leithdháiltí agus réimsí athbheochan;
- Bunachar Sonraí Náisiúnta um Iarratas Pleanála - le haghaidh liosta in-íoslódáilte d'iarratais phleanála a sheoltar ó Údaráis Áitiúla;
- Suíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair - chun sonraí a fháil faoi mhórchláir iompair. Áiríodh air seo athbhreithniú ar Straitéis Iompair GDA an NTA;
- Project Ireland 2040, a chomhcheanglaíonn an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Pleanála Náisiúnta. agus a mhapálaí idirghníomhach;
- Suíomh gréasáin Bonneagair Iompair Éireann - le haghaidh sonraí faoi mhórchláir iompair;
- An Tairseach EIA arna chothabháil ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - le haghaidh iarratas ar thoiliú forbartha in éineacht le EIAR; agus
- Suíomh gréasáin Uisce Éireann, a chuimsíonn leathanach ar a thionscadail.

Breithníodh cás comhcheangailte is measa, agus na Scéimeanna Conair Crói-Bhus BusConnects uile á dtógáil go comhuaineach. D'aithin samhaltú tráchta an scéil seo an poitéinseal le haghaidh tionchair charnacha ar an ngréasán bóithre níos leithne, lena n-áirítear bóithre áitiúla agus cónaithe. Ar an gcúis seo, ní mheastar go bhfuil sé indéanta nó inghlactha na 12 scéim go léir a thógáil ag an am céanna. Dá bharr sin, forbraíodh cás malartach chun cás níos measa níos réadúla a aithint don mheasúnú éifeachtaí carnacha a bhaineann le trácht. Molann an cás seo teorannú ar líon na scéimeanna is féidir a thógáil i gcomhthráth. Breithníodh an cás seo, i dteannta leis an mórthionscadal bonneagair aitheanta eile agus mórfhorbairtí a d'fhéadfadh comhéadan díreach a dhéanamh leis an Scéim Beartaithe maidir le trácht agus iompar.

Ní thuar aon iarmhairtí carnacha suntasacha dóchúla a bhaineann le trácht agus iompar, sa bhreis ar éifeachtaí na Scéime Beartaithe a ndéantar measúnú uirthi ina haonar.

Maidir le cáilíocht an aeir, toisc go mbeidh na héifeachtaí carnacha tráchta ag teacht go ginearálta le héifeachtaí na scéime ina n-aonar, ní shainaithnítear aon éifeachtaí carnacha suntasacha ar cháilíocht an aeir. Ciallóidh maolú deannaigh ag an gCéim Tógála don Scéim Beartaithe, agus bearta comhchosúla i bhfeidhm do thionscadail eile, go mbeidh éifeachtaí carnacha foriomlána deannaigh tógála neodrach.

Mar thoradh ar thógáil réimse leathan tionscadal in Éirinn le linn na tréimhse tógála de BusConnects Dublin - Oibreacha Bonneagair Conairí Crói-Bhus ginfear carbón corpraithe. I measc na bhforbairtí seo tá iarratais phleanála áitiúla, mórthionscadail, agus forbairtí straitéiseacha le méid éagsúil giniúna carbóin corpraithe. Meastar gur tionchar diúltach suntasach é aon mhéadú ar astaíochtaí carbóin. Tuarann an measúnú tionchair aeráide ar astaíochtaí tráchta ar bhóithre ó chéim thógála na Scéime Beartaithe go carnach leis na 11 Scéim Conair Crói-Bhus eile méadú foriomlán sealadach de 2.6% d'astaíochtaí coibhéiseacha dé-ocsaíd charbóin i gcomparáid le cás gan na Scéimeanna Conair Crói-Bhus. Ionchorpraíodh sraith beart maolaithe leabaithe i ndearadh na bPríomhscéimeanna Conair Crói-Bhus agus é mar aidhm na hastuithe carbóin agus tráchta corpraithe a bhaineann leis an gCéim Tógála de gach Scéim Chonair Bhus a laghdú. Mar shampla, tiocfaidh coincréit ina bhfuil slaig foirnéise soinneáin gráinnithe talún in ionad coincréite ina bhfuil stroighin Portland a shábhálfaidh carbón corpraithe ar fud na 12 Phríomh-Scéim Conair Crói-Bhus.

Ar an mbonn gurb é an cás is réadúla maidir le trácht tógála meastar go mbeidh dálaí tráchta mar thoradh air atá ar aon dul le héifeacht gach ceann de na Scéimeanna Beartaithe a chur i bhfeidhm ina n-aonar, ní dócha go mbeadh aon éifeacht charnach suntasach ann ar thorann a bhaineann le trácht de bhreis ar éifeachtaí na Scéime Beartaithe a ndearnadh measúnú uirthi ina haonar.

Beidh éifeachtaí suntasacha ar scála áitiúil ar bhithéagsúlacht a bhaineann leis an Scéim Beartaithe i gcomhcheangal le tionscadail eile, ach níl difríocht shuntasach idir scála na dtionchar agus tionchair áitiúla na Scéime Beartaithe a ndéantar measúnú orthu ina haonar.

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tionchar ar scála áitiúil ó theaglaim forbairtí leis an Scéim Beartaithe tionchar a imirt ar thaitneamhacht amhairc do ghabhdóirí in aice láimhe. Cuideoidh cosaint eilimintí tírdhreacha coimeádta, mar chrainn aibí, le tábhacht na dtionchar áitiúla seo a laghdú.

Rinneadh dramhaíl a mheas chun tuiscint a fháil ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim atá Beartaithe i dteannta le leibhéil réigiúnacha dramhaíola ar an gcumas láimhseála dramhaíola. Cuirfidh tógáil tionscadal laistigh den réigiún dramhaíl tógála agus scartála, agus seolfar cuid di le hathchúrsáil, le cóireáil bhreise nó le diúscairt chuig láithreáin líonta talún. Measadh nach raibh tionchar suntasach gearrthéarmach agus díobhálach ag céim tógála na Scéime Beartaithe. Dá bhrí sin, ag cur san áireamh an poitéinseal dóchúil go ndéanfar dramhaíl a ghiniúint ó thionscadail eile, na deiseanna chun dramhaíl a atreorú ó chóireáil lasmuigh den láthair agus an méid cumais cóireála dramhaíola táimhe, neamhghuaisí agus ghuaisí ar dóigh dó a bheith ar fáil sa réigiún sna blianta amach romhainn thar an am tréimhse chun an Scéim Beartaithe a sheachadadh, meastar nach mbeidh aon iarmhairtí carnacha suntasacha ann mar thoradh ar thógáil na Scéime Beartaithe i dteannta le tionscadail eile a thógáil.

Ní thuar go mbeidh aon éifeachtaí carnacha suntasacha eile sa Chéim Tógála ar ábhair chomhshaoil eile.

I bhfeidhm, beidh tionchar carnach dearfach as cuimse fadtéarmach ar ghluaiseacht daoine trí mhodhanna inbhuanaithe. Feictear go gcuireann na scéimeanna um Chonair na mBusanna feabhas mór ar Ghluaiseacht Daoine ar chumas modhanna inbhuanaithe ar bhealaí díreacha Conair Crói-Bhus, go háirithe ar bhus agus ar rothaíocht, le laghduithe ar sciar mód an ghluaisteáin mar gheall ar an soláthar feabhsaithe mód inbhuanaithe. Soláthraíonn an Scéim Beartaithe agus na 11 scéim eile de Conair Crói-Bhus do chomhtháthú agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe do gach modh iompair phoiblí trí mhéaduithe suntasacha ar mheánluasanna taistil ar fud an ghréasáin a éascú.

Soláthróidh Conairí Crói-Bhus BusConnects rogha tarraingteach seachas taisteal carr príobháideach, ag spreagadh níos mó taistil ar mhodhanna níos inbhuanaithe. Le tacaíocht ón Scéim Beartaithe agus ó thionscadail eile atá beartaithe faoi Straitéis Iompair GDA, beidh sciar níos mó den éileamh ar thaisteal trí mhodhanna inbhuanaithe (iompar poiblí, siúl agus rothaíocht). Mar thoradh ar an Scéim atá Beartaithe i dteannta leis na 11 Scéim Conair Crói-Bhus eile laghdófar an acmhainn do thrácht ginearálta ar a bealach. I gcomparáid le cás gan na Conairí Crói-Bhus, tá tuartha go mbeidh laghdú 1.2% ar astaíochtaí coibhéiseacha dé-ocsaíd charbóin sa Bhliain Oscailte agus go mbeidh tionchar dearfach agus suntasach ar an aeráid. Meastar go laghdóidh an tionchar seo go neodrach i 2043.

Baineann an Scéim Beartaithe i dteannta leis na scéimeanna eile de Conair Crói-Bhus cuspóirí an tionscadail amach maidir le tacú le seachadadh seirbhíse iompair phoiblí atá éifeachtach, ísealcharbóin agus athléimneach aeráide, a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach. Tá sé de chumas ag an Scéim Beartaithe astuithe GHG a laghdú atá comhionann le thart ar 105,500 agus 102,200 turas carr in aghaidh an lae a bhaint den líonra bóithre in 2028 agus 2043 faoi seach. Léiríonn sé seo cion suntasach i dtreo na sprice náisiúnta de 500,000 turas breise trí shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí in aghaidh an lae faoi 2030 mar a leagtar amach mar sprioc i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2021 (CBT) (DCCAE 2021). Tá sé curtha i gcrích go gcuirfidh na hOibreacha Bonneagair Conair Crói-Bhus go mór le laghdú carbóin

Ní aithníonn measúnuithe na Céime Oibriúcháin ar cháilíocht an aeir agus torann agus tonnchrith aon iarmhairtí díobhálacha suntasacha breise sa bhreis ar thionchair na scéime neamhspleácha.

Meastar go mbeidh tionchair charnacha na Céime Oibriúcháin ar shláinte dearfach, an-suntasach agus fadtéarmach, ag cur gníomhaíocht choirp níos mó chun cinn, rochtain ar sheirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí sláinte), agus go mbeidh níos mó daoine ag úsáid seirbhísí bus.

Níor sainaithníodh sa mheasúnú aon tionchair charnacha oibríochta dóchúla ar ghabhdóirí tírdhreacha agus amhairc.

Beidh an tionchar tuartha a bheidh ag giniúint dramhaíola oibríochta a bhaineann le cothabháil an bhonneagair dearfach (ar an mbonn go nginfear níos lú ábhar agus go mbeidh níos lú cothabhála foriomlán ag teastáil i gcomparáid le cás gan na Scéimeanna um Conair Crói-Bhus), nach bhfuil suntasach agus fadtéarmach. Meastar dá bhrí sin nach mbeidh éifeachtaí carnacha suntasacha dóchúla mar thoradh ar dhramhaíl na Céime Oibriúcháin a eascróidh as an Scéim Beartaithe a mheastar i gcomhcheangal leis na cineálacha dramhaíola a eascraíonn as tionscadail eile.

Ní thuar go mbeidh aon iarmhairtí carnacha suntasacha eile ar ábhair chomhshaoil eile le linn na Céime Oibriúcháin.

Bíonn idirghníomhaíochtaí suntasacha tionchair idir na hábhair daonra, sláinte an duine, cáilíocht an aeir, torann agus tonnchrith agus trácht agus iompar. Mheas na measúnuithe a rinneadh do gach ceann de na hábhair sin na hidirghníomhaíochtaí sin go díreach agus go hindíreach. Mar fhachtóir comhshaoil, tá caidreamh nádúrtha ag cúinsí tírdhreacha agus amhairc le gach fachtóir comhshaoil eile. Is caidrimh dhíreacha cuid acu, e.g., daonra agus tionchair amhairc; bithéagsúlacht agus tírdhreach; talamh, ithreacha agus uisce agus tírdhreach; nó an leagan timpeall ar ghnéithe den oidhreacht chultúrtha srl. D'fhéadfadh go mbeadh cuid eile díobh indíreach, e.g., sláinte an duine, cáilíocht an aeir agus tírdhreach, sócmhainní ábhartha agus gnéithe tírdhreacha agus amhairc. Nuair is féidir, rinneadh na hidirghníomhaíochtaí féideartha sin a ionchorprú sna measúnuithe ábhartha.

9. Cad a Tharlaíonn Ar Aghaidh?

Is féidir an t-iarratas ar thoiliú/cheadú, an EIAR seo agus an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a fheiceáil / a íoslódáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: https://clongriffinscheme.ie.

Is féidir an t-iarratas seo a iniúchadh saor in aisce freisin nó é a cheannach ar tháille shonraithe a íoc (ní bheidh an táille seo níos mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip den sórt sin a dhéanamh) ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe na Scéime Beartaithe. Is féidir tuilleadh sonraí faoi na socruithe seo a fháil ag https://clongriffinscheme.ie/.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (Rannán an Bhonneagair Straitéisigh), 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe na Scéime Beartaithe maidir le:

- Na héifeachtaí dóchúla a bheidh ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol;
- Impleachtaí na Scéime Beartaithe do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe sa cheantar ina bhfuil sé beartaithe an Scéim Beartaithe a shuíomh; agus
- Na héifeachtaí díobhálacha dóchúla a bheidh ag an Scéim Bheartaithe ar Shuíomh Eorpach.

Féadfaidh an Bord, i ndáil le hiarratas arna chur isteach lena cheadú faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú), le hordú, an Scéim Beartaithe a cheadú, fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha comhshaoil is cuí leis, nó féadfaidh sé diúltú. an Scéim Beartaithe a cheadú.